Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2022
(OR. en)

14959/22

LIMITE

TELECOM 473
COMPET 919
MI 844
DATAPROTECT 321
JAI 1497
CODEC 1774

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0136(COD)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14344/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9471/21 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán maidir le Céannacht Dhigiteach Eorpach (**ríomh-shainaitheantais Eorpach**) an 3 Meitheamh 2021[1]. Leis an tionscnamh, leasaítear Rialachán eIDAS ó 2014[2], inar leagadh síos na fondúireachtaí ba ghá chun seirbhísí a rochtain go sábháilte agus idirbhearta a dhéanamh ar líne agus thar theorainneacha san Aontas Eorpach.

[1] 9471/21.
[2] Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

2. Leis an togra, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ceanglaítear ar na Ballstáit Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint faoi scéim ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith, bunaithe ar chaighdeáin theicniúla choiteanna, tar éis deimhniú éigeantach. Chun an struchtúr teicniúil is gá a bhunú, chun dlús a chur le cur chun feidhme an Rialacháin athbhreithnithe, chun treoirlínte a chur ar fáil do na Ballstáit agus chun ilroinnt a sheachaint, bhí moladh maidir le bosca uirlisí de chuid an Aontais a fhorbairt ag gabháil leis an togra.

3. Is é is aidhm don Rialachán atá beartaithe rochtain uilíoch a áirithiú do dhaoine agus do ghnólachtaí ar ríomh-shainaitheantas agus ríomh-fhíordheimhniú slán iontaofa trí ríomhthiachóg phearsanta ar an bhfón póca.

PUBLIC

## II. AN OBAIR SNA hINSTITIÚIDÍ EILE

1. I bParlaimint na hEorpa, cuireadh an togra faoi bhráid an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) agus iarradh tuairim ar thrí choiste eile, eadhon an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMC), an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) agus an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE). Is í Romana Jerković (S&D, an Chróit) an rapóirtéir don chomhad. Níor ghlac Coiste ITRE a thuarascáil fós.

2. An 15 Iúil 2021, iarradh ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim a thabhairt maidir leis an togra, agus rinneadh amhlaidh an 20 Deireadh Fómhair 2021. D’eisigh Coiste Eorpach na Réigiún tuairim maidir leis an togra ar a thionscnamh féin an 12 Deireadh Fómhair 2021.

3. D’fhoilsigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí barúlacha foirmiúla maidir leis an togra an 28 Iúil 2021.

## III. AN STAID MAR ATÁ SA CHOMHAIRLE

1. Sa Chomhairle, scrúdaíodh an togra sa Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise (dá ngairtear anseo feasta: WP TELECOM), rud a chuir tús leis an bplé faoi Uachtaránacht na Portaingéile i mí an Mheithimh 2021. Leanadh leis an anailís ar an togra i WP TELECOM faoi Uachtaránacht na Slóivéine, agus tugadh an chéad léamh chun críche an 15 Samhain 2021.

2. Thíolaic Uachtaránacht na Fraince a **céad togra comhréitigh** an 15 Feabhra agus an 5 Aibreán, agus pléadh an **dara ceann** an 23 Bealtaine agus an 9 Meitheamh. I ndáil le díospóireacht bheartais a tionóladh ag WP TELECOM an 19 Iúil 2022, rinne Uachtaránacht na Seice — ag tógáil ar an obair a rinne Uachtaránacht na Fraince — saincheisteanna móra ardleibhéil a bhí fós gan réiteach a lua agus d'iarr sí ar na toscaireachtaí a roghanna tosaíochta a chur in iúl, d'fhonn na codanna ábhartha den dara togra comhréitigh a athdhréachtú dá réir sin. Is é an toradh a bhí ar an leagan athbhreithnithe an **tríú togra comhréitigh** a thíolaic Uachtaránacht na Seice ag WP TELECOM an 5 agus an 8 Meán Fómhair. D'éirigh le hathchóirithe breise agus coigeartuithe gaolmhara leibhéal níos doimhne cóineasaithe a chothú maidir leis an gcuid is mó de na saincheisteanna a bhí fós gan réiteach.

3. Leis an g**ceathrú togra comhréitigh** a cuireadh faoi bhráid na dtoscaireachtaí ag WP TELECOM an 28 Meán Fómhair, léiríodh go bhfuil éagsúlacht leanúnach ann idir na Ballstáit, áfach, maidir le saincheist ardleibhéil amháin go háirithe, eadhon an Leibhéal Dearbhaithe ('LoA') a roghnaíodh do Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí. Ghlac roinnt de na Ballstáit, a bhfuil córas náisiúnta ríomh-shainaitheantais i bhfeidhm acu cheana féin, LoA 'suntasach', agus rinne siad infheistíocht ann ina dhiaidh sin, cé go gceanglaítear LoA 'ard' leis an togra ríomh-shainaitheantais reatha. Agus í ar an eolas faoi líon ard modhanna ríomh-shainaitheantais de LoA 'suntasasach' a bheith eisithe i roinnt Ballstát, tá sásra molta ag Uachtaránacht na Seice chun bordáil úsáideoirí a éascú, rud a chuideoidh le glacadh Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí. Leis an bhforáil sin, féadfaidh úsáideoirí clárú le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí trí úsáid a bhaint as modhanna ríomh-shainaitheantais náisiúnta atá ann cheana ar LoA 'suntasach' i gcomhar le nósanna imeachta cianabhordála breise a chomhlíonann ceanglais LoA 'ard' le chéile. Tá sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla faoi réir reachtaíocht chur chun feidhme agus déanfar comhréireacht leis na ceanglais a dheimhniú.

4. Pléadh an **cúigiú togra comhréitigh** ag cruinniú de chuid WP TELECOM an 25 Deireadh Fómhair. Le linn chruinniú WP TELECOM an 8 Samhain 2022, thíolaic Uachtaránacht na Seice na hathruithe teoranta a rinneadh agus, mar thoradh ar na barúlacha breise agus na moltaí maidir le dréachtú a fuarthas ó na toscaireachtaí, d'ullmhaigh Uachtaránacht na Seice an **leagan deiridh den téacs comhréitigh** d'fhonn é a chur faoi bhráid Coreper.

5. Ar an 18 Samhain scrúdaigh Coreper an togra comhréitigh sin agus **chomhaontaigh sé d'aon toil é a chur faoi bhráid na Comhairle TTE (Teileachumarsáid), gan aon athrú, d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta** ag an gcruinniú a bheidh aici an 6 Nollaig 2022.

## IV. PRÍOMHGHNÉITHE AN TOGRA CHOMHRÉITIGH

### 1. Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí

Ar cheann de phríomhchuspóirí beartais an togra ón gCoimisiún le haghaidh Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ('Tiachóg') tá modhanna um Chéannacht Dhigiteach Eorpach chomhchuibhithe a sholáthar do shaoránaigh agus do chónaitheoirí eile mar a shainítear sa dlí náisiúnta bunaithe ar choincheap Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí. Mar mhodh ríomh-shainaitheantais ('modh ríomh-shainaitheantais') a eisítear faoi scéimeanna náisiúnta ar leibhéal dearbhaithe 'ard', is éard a bheadh sa modh ríomh-shainaitheantais ina cheart féin bunaithe ar shonraí sainaitheantais duine agus an Tiachóg a bheith eisithe ag na Ballstáit.

### 2. Leibhéal dearbhaithe Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí

Ba cheart a léiriú sna leibhéil dearbhaithe ('LoA') oiread na muiníne a chuirtear i modhanna ríomh-shainaitheantais mar mhodh chun céannacht duine a shuíomh, agus ar an gcaoi sin a dhearbhú gurb é an duine a mhaíonn céannacht áirithe an duine céanna ar sannadh an chéannacht sin dó. Bunaithe ar an tacaíocht leathan a taifeadadh i gcruinnithe na Meithle agus i ndíospóireacht Coreper an 14 Deireadh Fómhair, ní mór an Tiachóg a eisiúint laistigh de chóras ríomh-shainaitheantais a bhfuil LoA 'ard' ag baint leis. Ina theannta sin, cuireadh foráil shonrach le h**Airteagal 6a** maidir le bordáil úsáideoirí. Tá sé i gceist leis an athrú sin aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na mBallstát inar eisíodh líon suntasach ríomh-shainaitheantais

náisiúnta ag LoA 'suntasach' cheana féin. Cuireann an fhoráil ar chumas úsáideoirí a modhanna ríomh-shainaitheantais náisiúnta a úsáid in éineacht le nósanna imeachta cianbhordála breise chun promhadh céannachta a dhéanamh ag LoA 'ard' agus, ar deireadh, chun Tiachóg a fháil. Ós rud é go bhfuil an dréachtrialachán maidir le ríomh-shainaitheantas ag brath ar scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála ar cheart leibhéal comhchuibhithe muiníne a bheith acu i slándáil Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, meastar freisin go mbeidh stóráil shlán ábhair chripteagrafacha faoi réir deimhniú cibearshlándála. Dá bhrí sin, mhol an Uachtaránacht **Aithris** nua **(10b)** lena dtugtar aghaidh ar na réamhchoinníollacha teicniúla sin maidir le LoA 'ard' a bhaint amach agus próiseas leantach a chumasú faoi chuimsiú chur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí.

PUBLIC

## 3. Fógra a thabhairt do na páirtithe is úsáideoirí

3.1 Athscríobhadh **Airteagal 6b** maidir le fógra a thabhairt do na páirtithe is úsáideoirí. Mar riail ghinearálta, ba cheart an próiseas fógartha, trína gcuireann an páirtithe is úsáideoirí in iúl go bhfuil sé ar intinn acu brath ar Thiachóg, a bheith costéifeachtach, comhréireach le riosca agus ba cheart dó a áirithiú go soláthraíonn an páirtí is úsáideoir ar a laghad an fhaisnéis is gá chun fíordheimhniú a dhéanamh don Tiachóg. Mar réamhshocrú, ní cheanglaítear ach faisnéis íosta, agus ba cheart a cheadú leis an bhfógra nósanna imeachta uathoibrithe nó simplí féintuairiscithe a úsáid.

3.2. D'fhéadfadh sé, áfach, go mbeadh gá le córas sonrach i ngeall ar cheanglais earnála, amhail na ceanglais sin is infheidhme maidir le catagóirí speisialta de shonraí pearsanta a phróiseáil. Dá bhrí sin, tugadh isteach foráil chomhfhreagrach a bhfuil sé mar aidhm léi cásanna a chumhdach ina bhfuil gá le nós imeachta clárúcháin nó údaraithe níos déine. Murab ionann agus sin, i gcás nach leagtar síos le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta ceanglais shonracha chun rochtain a fháil ar fhaisnéis arna soláthar trí bhíthin na Tiachóige, féadfaidh na Ballstáit na páirtithe is úsáideoirí sin a dhíolmhú ón oibleagáid fógra a thabhairt go bhfuil rún acu brath ar Thiachóga.

## 4. Deimhniú

4.1 Ba cheart don Rialachán scéimeanna ábhartha um dheimhniú de chuid an Ghnímh Chibearshlándála atá ann cheana, nó codanna díobh, a ghiaráil, a bhrath agus a shainordú chun a dheimhniú go gcomhlíonann Tiachóga, nó codanna díobh, na ceanglais chibearshlándála is infheidhme. Dá bhrí sin, tá feidhm iomlán ag creat an Ghnímh um Chibearshlándáil lena n-áirítear an sásra athbhreithnithe piaraí idir údaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála dá

bhforáiltear sa Ghníomh um Chibearshlándáil. Chun an Rialachán maidir le ríomh-shainaitheantas agus an Gníomh um Chibearshlándáil a ailíniú a mhéid is féidir, ainmneoidh na Ballstáit comhlachtaí poiblí agus príobháideacha atá creidiúnaithe chun an Tiachóg a dheimhniú mar a fhoráiltear sa Ghníomh um Chibearshlándáil.

4.2 Ina theannta sin, moltar don Choimisiún sainordú a thabhairt do ENISA tabhairt faoi scéim thiomnaithe chun an Gníomh um Chibearshlándáil a fhorbairt agus a ghlacadh chun an Tiachóg a dheimhniú i ndáil le cibearshlándáil. Go dtí go bhforbrófar scéim den sórt sin, úsáidfear an scéim EUCC (critéir choiteanna atá bunaithe ar an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála) a foilsíodh faoin nGníomh um Chibearshlándáil mar an mhodheolaíocht bhonnlíne don deimhniú Tiachóige. I gcás ceanglais nach mbaineann leis an gcibearshlándáil, go háirithe na ceanglais sin a chumhdaíonn gnéithe feidhmiúla agus oibríochtúla eile de Thiachóg, tá liosta sonraíochtaí, nósanna imeachta agus caighdeán tagartha le bunú. Tá na ceanglais sin faoi réir deimhniúcháin.

## 5. Tréimhse cur chun feidhme chun Tiachóg a sholáthar

Bunaithe ar threoir ó na Ballstáit, moladh go n-áireofar an tréimhse cur chun feidhme 24 mhí ó ghlacadh na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in **Airteagal 6a(11)** agus **Airteagal 6c(4)**.

## 6. Táillí

Soiléiríodh in **Airteagal 6a(6a)** agus san aithris chomhfhreagrach gur cheart eisiúint, úsáid le haghaidh fíordheimhniú agus cúlghairm na dTiachóg a bheith saor in aisce do dhaoine nádúrtha. Seachas i gcás ina n-úsáidtear Tiachóga le haghaidh fíordheimhnithe, féadfaidh seirbhísí a bhraitheann ar úsáid na Tiachóige costais a thabhú, mar shampla nuair a dhéantar ríomhdhearbhuithe tréithe a eisiúint don Tiachóg.

## 7. Rochtain ar ghnéithe crua-earraí agus bogearraí lena n-áirítear an Eilimint Shlán

Mhol an Uachtaránacht foráil a dhéanamh maidir le cumarsáid shainráite le Rialachán (AE) 2022/1925, lena n-áirithítear rochtain ar ghnéithe crua-earraí agus bogearraí mar chuid de chroísheirbhísí ardáin arna soláthar ag geatóirí. Soiléirítear in **Airteagal 12b** a cuireadh isteach le déanaí gur úsáideoirí gnó de gheatóirí iad soláthraithe Tiachóg agus eisitheoirí modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith agus iad ag gníomhú i gcáil tráchtála nó ghairmiúil de réir bhrí an tsainmhínithe faoi seach sa Gníomh um Margaí Digiteacha (DMA). Cuireadh foclaíocht na haithrise isteach chun impleachtaí an idirnaisc le DMA a léiriú, eadhon gur cheart a chur de cheangal ar gheatóirí idir-inoibritheacht éifeachtach



PUBLIC

leis an gcóras oibriúcháin céanna, leis na gnéithe crua-earraí nó bogearraí céanna atá ar fáil nó a úsáidtear i soláthar a sheirbhísí comhlántacha agus tacaíochta féin, agus rochtain orthu, chun críocha idir-inoibritheachta, a áirithiú saor in aisce.

**8. Féidearthachtaí malartacha chun go n-eiseodh comhlachtaí poiblí ríomhdhearbhú tréithe**

Coinníodh eisiúint ríomhdhearbhaithe tréithe cáilithe ag soláthraithe cáilithe, lena n-áirítear an oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú gur féidir tréithe a fhíorú i gcoinne foinse bharántúil laistigh den earnáil phoiblí. Ina theannta sin, tugadh isteach an fhéidearthacht, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais riachtanacha, do chomhlacht de chuid na hearnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil, nó do chomhlacht ainmnithe de chuid na hearnála poiblí a ghníomhaíonn thar ceann an chomhlachta de chuid na hearnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil, ríomhdhearbhú tréithe lena ngabhann na héifeachtaí dlíthiúla céanna le ríomhdhearbhú tréithe cáilithe, a eisiúint go díreach don Tiachóg. Léirítear an togra in **Airteagail 45a agus 45da** nua agus in **Iarscríbhinn VII**.

**9. Meaitseáil Taifead**

Athainmníodh **Airteagal 11a** bunaidh mar 'Meaitseáil Taifead' ós é sin is fearr a léiríonn sin cuspóir na forála. Bunaithe ar an bplé, coinníodh coincheap an aitheantóra uathúil leanúnaigh do Thiachóga. Soiléirítear sa sainmhíniú a chomhfhreagraíonn go bhféadfaidh meascán d'aitheantóirí éagsúla náisiúnta agus earnála a bheith san aitheantóir fad is a fhónann sé dá chuspóir. Sonraítear go sainráite go bhféadfar meaitseáil taifead a éascú le ríomhdhearbhú tréithe cáilithe. Ina theannta sin, ionchorpraíodh foráil chosanta in **Airteagal 11a** ar dá réir a áiritheoidh na Ballstáit cosaint sonraí pearsanta agus lena gcoiscfear próifíliú úsáideoirí. Ar deireadh, áiritheoidh na Ballstáit, ina gcáil mar pháirtithe is úsáideoirí, meaitseáil taifead.

## VI. CONCLÚID

1. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– scrúdú a dhéanamh ar an téacs comhréitigh mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo;

– cur chuige ginearálta a dhearbhú i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán maidir leis an gCéannacht Dhigiteach Eorpach (ríomh-shainaitheantais Eorpach) ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle TTE (Teileachumarsáid) an 6 Nollaig 2022.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí

PUBLIC

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal 'Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a mhúnlú'[4], fógraítear athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, athbhreithniú arb é is aidhm dó éifeachtacht an Rialacháin a fheabhsú, na sochair a bhaineann leis a leathnú chuig an earnáil phríobháideach, agus céannachtaí digiteacha iontaofa do gach Eorpach a chur chun cinn.

---

[3] IO C , lch. .

[4] COM/2020/67 final

(2) Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 1-2 Deireadh Fómhair 2020[5], iarradh ar an gCoimisiún a mholadh go ndéanfaí creat uile-Aontais a fhorbairt le haghaidh ríomh-shainaitheantas poiblí slán, lena n-áirítear sínithe digiteacha idir-inoibritheacha, ionas go mbeidh smacht ag daoine ar a gcéannacht agus ar a sonraí ar líne mar aon le rochtain a chinntiú i dtaca le seirbhísí digiteacha poiblí, príobháideacha agus trasteorann.

PUBLIC

(3) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Márta 2021 dar teideal ‘Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach le haghaidh na nDeich mBliana Digiteacha’[6] leagtar síos cuspóir creat den Aontas arb é an toradh a bheidh air, faoi 2030, go mbainfear úsáid fhorleathan as céannacht iontaofa faoi rialú úsáideoirí, rud lena gcuirfear ar chumas gach úsáideora a n-idirghníomhaíochtaí ar líne agus a láithreacht féin a rialú.

(4) Le cur chuige níos comhchuibhithe maidir le sainaithinteas digiteach, ba cheart go laghdófaí na rioscaí agus na costais a bhaineann leis an ilroinnt atá ann faoi láthair mar gheall gur réitigh éagsúla atá in úsáid go náisiúnta agus neartófar an Margadh Aonair trí ligean do shaoránaigh, do chónaitheoirí eile de réir mar a shainítear sa dlí náisiúnta agus do ghnólachtaí sainaithint a dhéanamh ar líne ar bhealach saoráideach aonfhoirmeach ar fud an Aontais. Le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí cuirfear modh ríomh-shainaitheantais comhchuibhithe ar fáil do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha ar fud an Aontais agus cuirfear ar a gcumas sonraí atá nasctha lena gcéannacht a fhíordheimhniú agus a chomhroinnt. Ba cheart rochtain a bheith ag gach duine ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha a bhraitheann ar éiceachóras feabhsaithe le haghaidh seirbhísí iontaoibhe agus ar chruthúnais chéannachta fhíoraithe agus dearbhuithe tréithe, amhail céim ollscoile a bhfuil aitheantas dlíthiúil aici agus a nglactar léi i ngach áit san Aontas. Is é is aidhm don chreat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach aistriú ón spleáchas ar na réitigh náisiúnta amháin maidir le céannacht dhigiteach chuig soláthar ríomhdhearbhuithe tréithe a bheidh bailí ar an leibhéal Eorpach. Ba cheart go dtairbheodh soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe de shraith rialacha atá soiléir agus aonfhoirmeach agus ba cheart córais riaracháin phoiblí a bheith in ann brath ar dhoiciméid leictreonacha i bhformáid ar leith.

5 https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2020/10/02/european-council-conclusions-1-2-october-2020/

6 COM/2021/118 final/2

(4a) Tá modhanna ríomh-shainaitheantais curtha chun feidhme ag roinnt Ballstát agus baineann siad úsáid den chuid is mó as modhanna ríomh-shainaitheantais a nglacann soláthraithe seirbhíse san Aontas leo sa lá atá inniu ann. Ina theannta sin, rinneadh infheistíochtaí i réitigh náisiúnta agus trasteorann araon bunaithe ar Rialachán eIDAS atá ann faoi láthair, lena n-áirítear bonneagar teicniúil idir-inoibritheachta nóid eIDAS. Chun comhlántacht agus glacadh tapa Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ag úsáideoirí reatha modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith a ráthú agus chun an tionchar ar sholáthraithe seirbhíse atá ann cheana a íoslaghdú, táthar ag súil go mbainfidh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí tairbhe as forbairt a dhéanamh ar an taithí a fuarthas le modhanna ríomh-shainaitheantais atá ann cheana agus as leas a bhaint as an mbonneagar eIDAS a imscartar ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta.

(5) Chun tacú le hiomaíochas gnólachtaí Eorpacha, ba cheart soláthraithe seirbhíse ar líne a bheith in ann brath ar réitigh maidir le céannacht dhigiteach arna n-aithint ar fud an Aontais, gan beann ar an mBallstát inar soláthraíodh iad, ag tairbhiú ar an gcaoi sin de chur chuige comhchuibhithe Eorpach maidir le hiontaoibh, le slándáil agus le hidir-inoibritheacht. Ba cheart go mbeadh úsáideoirí agus soláthraithe seirbhíse araon in ann tairbhiú den luach dlíthiúil céanna a thugtar do ríomhdhearbhuithe tréithe ar fud an Aontais.

(6) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679[7] maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcur chun feidhme an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, ba cheart coimircí sonracha a leagan síos leis an Rialachán seo chun cosc a chur ar sholáthraithe modhanna ríomh-shainaitheantais agus ar ríomhdhearbhuithe tréithe maidir le sonraí pearsanta ó sheirbhísí eile a chomhcheangal leis na sonraí pearsanta a bhaineann leis na seirbhísí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart sonraí pearsanta a bhaineann le soláthar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a choinneáil ar leithligh go loighciúil ó shonraí ar bith eile a choinníonn an t-eisitheoir. Leis an Rialachán seo, ní chuirtear cosc ar eisitheoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí bearta teicniúla breise a chur i bhfeidhm a rannchuidíonn le cosaint sonraí pearsanta, amhail scaradh fisiciúil sonraí pearsanta a bhaineann le Tiachóga a sholáthar ó aon sonraí eile atá i seilbh an eisitheora.

---

7 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.


PUBLIC

(7) Is gá na coinníollacha comhchuibhithe a leagan amach chun creat a bhunú maidir le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a soláthróidh na Ballstáit, creat lenar cheart a chur ar chumas shaoránaigh uile an Aontais agus ar chumas cónaitheoirí eile mar a shainítear sa dlí náisiúnta sonraí a bhaineann lena gcéannacht a chomhroinnt ar bhealach áisiúil soláimhsithe agus atá faoi smacht an úsáideora amháin. Na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart iad a fhorbairt chun an leibhéal is airde slándála, príobháideachais, áisiúlachta don úsáideoir agus inúsáidteachta fairsinge a bhaint amach. Ba cheart do na Ballstáit rochtain chothrom ar shainaitheantas digiteach a áirithiú dá náisiúnaigh agus cónaitheoirí uile.

(8) Chun a áirithiú gur féidir le páirtithe is úsáideoirí brath ar úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí agus chun an t-úsáideoir a chosaint ar úsáid neamhdhleathach sonraí íogaire, ba cheart na páirtithe is úsáideoirí a chlárú mar chuid de phróiseas fógartha. I bhformhór na gcásanna, ba cheart na ceanglais maidir le fógra a thabhairt is infheidhme maidir le páirtithe is úsáideoirí a bheith bunaithe ar sholáthar méid teoranta faisnéise is gá chun an páirtí is úsáideoir a fhíordheimhniú i dTiachóg na Céannachta Digití Eorpaí. Ba cheart a cheadú leis na ceanglais freisin nósanna imeachta féintuairiscithe uathoibrithe nó simplí a úsáid, lena n-áirítear na Ballstáit a bheith ag brath ar chláir atá ann cheana agus á n-úsáid. Ag an am céanna, i gcás catagóirí de shonraí íogaire, d’fhéadfadh córais shonracha a bheith ann ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, rud a d’fhéadfadh ceanglais níos déine maidir le clárú agus údarú a fhorchur ar pháirtithe is úsáideoirí chun cosc a chur ar úsáid neamhdhleathach sonraí céannachta i gcásanna den sórt sin. I gcásanna úsáide eile, féadfar páirtithe is úsáideoirí a dhíolmhú ó fhógra a thabhairt go bhfuil sé ar intinn acu brath ar an Tiachóg Dhigiteach Eorpach, mar shampla, i gcás nach n-éilíonn ceart chun tréithe sonracha a fhíorú, nó nach gceadaítear leis, fíordheimhniú an pháirtí is úsáideoir trí mheán leictreonach. De ghnáth, sna cásanna duine le duine sin, tá an t-úsáideoir in ann an páirtí is úsáideoir a shainaithint a bhuí leis an gcomhthéacs, mar shampla agus iad ag idirghníomhú le cléireach carranna ar cíos nó cógaiseoir. Tá sé beartaithe an próiseas fógartha a thiomáint le dlíthe earnála den Aontas nó le dlíthe náisiúnta ós rud é go gceadaítear leis sin freastal ar chásanna úsáide éagsúla a d’fhéadfadh a bheith difriúil ó thaobh ceanglais chlárúcháin agus modh oibríochta (ar líne/as líne) de, nó ó thaobh an cheanglais maidir le feistí a fhíordheimhniú atá in ann comhéadan a dhéanamh le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí. Maidir le húsáid Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ag na páirtithe is úsáideoirí a fhíorú, níor cheart a shainordú é a fhorfheidhmiú ar leibhéal Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí.


PUBLIC

(9) Ba cheart do gach Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ligean d'úsáideoirí fíordheimhniú go leictreonach agus ríomh-shainaithint ar líne agus as líne thar theorainneachachun rochtain a fháil ar raon leathan seirbhísí poiblí agus príobháideacha. Gan dochar do shainchearta na mBallstát a mhéid a bhaineann lena náisiúnaigh agus a gcónaitheoirí a shainaithint, is féidir le Tiachóga freastal freisin ar riachtanais institiúideacha riarachán poiblí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Bheadh tábhacht le húsáid as líne ina lán earnálacha, lena n-áirítear san earnáil sláinte ina gcuirtear seirbhísí ar fáil go minic trí idirghníomhú aghaidh ar aghaidh le duine agus ba cheart ríomhoidis a bheith in ann brath ar chóid QR nó ar theicneolaíochtaí comhchosúla chun barántúlacht a fhíorú. Agus é ag brath ar leibhéal dearbhaithe 'ard', ba cheart do Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí tairbhe a bhaint as an acmhainneacht a ghabhann le réitigh chrioscaíldíonacha amhail gnéithe slána, chun na ceanglais slándála faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. Trí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, beidh úsáideoirí in ann ríomhshínithe agus ríomhshéalaí cáilithe a bhfuil glacadh leo ar fud an Aontais a chruthú agus a úsáid. Chun simpliú agus laghdú costais a bhaint amach do dhaoine agus do ghnólachtaí ar fud an Aontais, lena n-áirítear trí chumhachtaí ionadaíochta agus ríomh-shainordaithe a chumasú, ba cheart do na Ballstáit Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint, tiachóga a bheidh ag brath ar chomhchaighdeáin chun idir-inoibritheacht rianúil agus leibhéal ard slándála a áirithiú. Is iad údaráis inniúla na mBallstát amháin a fhéadfaidh leibhéal ard muiníne a sholáthar agus céannacht duine a shuíomh agus dá bhrí sin is iadsan amháin a fhéadfaidh dearbhú i dtaca leis an duine a éilíonn nó a dhearbhaíonn céannacht áirithe gurb é an duine a mhaíonn sé nó sí. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeadh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ag brath ar chéannacht dhlíthiúil saoránach, cónaitheoirí nó eintiteas dlíthiúil eile. Chuirfí leis an muinín as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí toisc go bhfuil sé de cheangal ar na páirtithe eisiúna bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun leibhéal slándála a áirithiú a bheadh i gcomhréir leis na rioscaí a eascraíonn as cearta agus as saoirsí na ndaoine nádúrtha, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679. Beidh eisiúint, úsáid le haghaidh fíordheimhnithe agus cúlghairm Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí saor in aisce do dhaoine nádúrtha. Féadfaidh seirbhísí a bhraitheann ar úsáid na Tiachóige costais a thabhú a bhaineann, mar shampla, le ríomhdhearbhuithe tréithe a eisiúint don Tiachóg.

PUBLIC

(9a) Tá sé tairbhiúil glacadh agus úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a éascú trí iad a chomhtháthú gan uaim le héiceachóras na seirbhísí digiteacha poiblí agus príobháideacha atá á gcur chun feidhme cheana ar an leibhéal náisiúnta, áitiúil nó réigiúnach. Chun an sprioc sin a bhaint amach, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le bearta dlíthiúla agus eagraíochtúla chun solúbthacht a mhéadú d'eisitheoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí agus chun feidhmiúlachtaí breise Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a cheadú thar a leagtar amach sa Rialachán seo, lena n-áirítear trí idir-inoibritheacht fheabhsaithe le modhanna náisiúnta ríomh-shainaitheantais atá ann cheana. Níor cheart dó sin dochar ar bith a dhéanamh do phríomhfheidhmeanna Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a sholáthar mar a leagtar amach sa Rialachán seo ná do réitigh náisiúnta atá ann cheana maidir le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a chur chun cinn. Ós rud é go dtéann siad thar an Rialachán seo, ní bhaineann na feidhmiúlachtaí breise sin tairbhe as na forálacha maidir le spleáchas trasteorann ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a leagtar amach sa Rialachán seo.

PUBLIC

(10) Chun ardleibhéal cosanta sonraí, slándála agus iontaofachta a bhaint amach, ba cheart creat comhchuibhithe a bhunú leis an Rialachán seo ina mionsonrófar na sonraíochtaí agus na ceanglais chomhchoiteanna is infheidhme maidir le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí. Ba cheart do chomhlachtaí creidiúnaithe um measúnú comhréireachta arna n-ainmniú ag na Ballstáit comhréireacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí leis na ceanglais sin a dheimhniú. Ba cheart don deimhniú a bheith ag brath, go háirithe, ar scéimeanna ábhartha an Aontais um dheimhniú cibearshlándála, nó ar chodanna díobh, arna mbunú de bhun Rialachán (AE) 2019/881[8], a mhéid a chumhdaíonn siad na ceanglais chibearshlándála is infheidhme maidir le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí. Ba cheart leibhéal iontaoibhe comhchuibhithe a bheith i slándáil Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí mar thoradh ar a bheith ag brath ar scéimeanna an Aontais um dheimhniú cibearshlándála, beag beann ar an áit a n-eisítear iad san Aontas. Ba cheart do dheimhniú cibearshlándála Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí cur le ról na nÚdarás Náisiúnta um Dheimhniú Cibearshlándála chun maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na ndeimhnithe arna n-eisiúint ag na comhlachtaí um measúnú comhréireachta faoina ndlínse le scéimeanna ábhartha an Aontais um an gcibearshlándáil. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart don deimhniú giaráil a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar chaighdeáin agus sonraíochtaí teicniúla mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2019/881. Féadfar sonraíochtaí den sórt sin a úsáid mar dhoiciméid úrscothacha, mar a shonraítear faoi scéimeanna ábhartha um dheimhniú cibearshlándála de bhun Rialachán (AE) 2019/881. I gcás nach gcumhdaítear le scéimeanna ábhartha an Aontais um dheimhniú cibearshlándála arna mbunú de bhun Rialachán (AE) 2019/881 deimhniú seirbhísí nó próiseas ábhartha a rannchuidíonn le slándáil na Tiachóige, ba cheart scéimeanna iomchuí a chruthú i gcomhréir le Teideal III de Rialachán (AE) 2019/881. Ba cheart scéim choiteann chomhchuibhithe le haghaidh dheimhniú Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá na sonraíochtaí agus na ceanglais choiteanna dá bhforáiltear sa Rialachán seo á gcomhlíonadh acu, cé is moite díobh sin a bhaineann leis an gcibearshlándáil agus le cosaint sonraí, go háirithe na cinn sin lena gcumhdaítear gnéithe feidhmiúla agus oibríochtúla. Maidir leis an deimhniú sin, chun ardleibhéal iontaoibhe agus trédhearcachta a áirithiú, ba cheart sásraí agus nósanna imeachta a bhunú a mbeadh sé d'aidhm acu piarfhoghlaim agus comhar idir na Ballstáit a chothú i ndáil le faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar na comhlachtaí deimhniúcháin agus ar na deimhnithe agus na tuarascálacha deimhniúcháin a eisíonn siad. Ba cheart sásra piarfhoghlama den chineál sin a bheith gan dochar do Rialachán (CE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2019/881. Is uirlis dheonach, i measc uirlisí eile, é an Tiachóg a dheimhniú faoi Rialachán (CE) 2016/679, ar féidir í a úsáid chun a léiriú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (CE) 2016/679 de réir mar atá feidhm acu maidir le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí agus maidir lena soláthar do shaoránaigh Eorpacha.

---

8 Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil), IO L 151, 7.6.2019, lch. 15


PUBLIC

(10a) Ba cheart bordáil saoránach agus cónaitheoirí i dTiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a éascú trí bheith ag brath ar mhodhanna ríomh-shainaitheantais arna n-eisiúint ar leibhéal dearbhaithe 'ard'. Níor cheart brath ar mhodhanna ríomh-shainaitheantais arna n-eisiúint ar leibhéal dearbhaithe 'suntasach' ach amháin i gcásanna ina bhfágfaidh sonraíochtaí comhchuibhithe teicniúla agus oibríochtúla a úsáideann modhanna ríomh-shainaitheantais arna n-eisiúint ar leibhéal dearbhaithe 'suntasach' in éineacht le modhanna forlíontacha fíoraithe céannachta go mbeifear in ann na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le leibhéal dearbhaithe 'ard' a chomhlíonadh. Ba cheart modhanna nó bearta forlíontacha den sórt sin a bheith iontaofa agus éasca le húsáid ag na húsáideoirí agus d'fhéadfaí iad a fhorbairt ar an bhféidearthacht úsáid a bhaint as nósanna imeachta cianbhordála, as deimhnithe cáilithe arna dtacú le sínithe cáilithe, as ríomhdhearbhú tréithe cáilithe nó as meascán díobh sin. Chun a áirithiú go nglacfar go leordhóthanach le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, ba cheart sonraíochtaí comhchuibhithe teicniúla agus oibríochtúla le haghaidh bordáil úsáideoirí a leagan amach i ngníomhartha cur chun feidhme trí mhodhanna ríomh-shainaitheantais a úsáid, lena n-áirítear na modhanna sin arna n-eisiúint ar leibhéal dearbhaithe 'suntasach'.

(10b) Is é cuspóir an Rialacháin seo Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí atá go hiomlán soghluaiste, slán agus éasca le húsáid a chur ar fáil don úsáideoir. Mar bheart idirthréimhseach go dtí go mbeidh réitigh chrioscaíldíonacha deimhnithe ar fáil, ar nós eilimintí slána laistigh d'fheistí na n-úsáideoirí, féadfaidh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí brath ar eilimintí slána seachtracha deimhnithe chun an t-ábhar cripteagrafach agus sonraí íogaire eile a chosaint nó ar réitigh náisiúnta ar leibhéal dearbhaithe 'ard' ar tugadh fógra ina leith, chun a léiriú go gcomhlíontar ceanglais ábhartha an Rialacháin maidir le leibhéal dearbhaithe na Tiachóige. Ba cheart úsáid an bhirt idirthréimhsigh thuasluaite a theorannú d'úsáid a bhaint as cásanna a éilíonn leibhéal dearbhaithe 'ard', ar nós an t-úsáideoir a bhordáil chuig an Tiachóg agus seirbhísí a éilíonn leibhéal dearbhaithe 'ard' a fhíordheimhniú. Agus seirbhísí a éilíonn leibhéal dearbhaithe 'suntasach' á bhfíordheimhniú, níor cheart úsáid an bhirt idirthréimhsigh thuasluaite a éileamh le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí. Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do choinníollacha náisiúnta chun eilimint shlán sheachtrach dheimhnithe a eisiúint agus a úsáid i gcás ina mbraitheann an beart idirthréimhseach seo air.

(11) Le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ba cheart an leibhéal is airde cosanta agus slándála a áirithiú do na sonraí pearsanta a úsáidtear le haghaidh fíordheimhnithe, cibé acu a stóráiltear na sonraí sin go háitiúil nó ar réitigh néalbhunaithe, agus na leibhéil éagsúla riosca á gcur san áireamh. Próiseáil na sonraí bithmhéadracha mar fhachtóir fíordheimhnithe i bhfíordheimhniú láidir úsáideora, tá sin ar cheann de na modhanna sainaitheanta lena dtugtar ardleibhéal muiníne, go háirithe nuair a úsáidtear í in éineacht le heilimintí eile fíordheimhnithe. Ós rud é gur saintréith uathúil duine iad sonraí bithmhéadracha, ní cheadaítear sonraí bithmhéadracha a phróiseáil ach amháin faoi eisceachtaí Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2016/679 agus ceanglaítear coimircí iomchuí leis, i gcomhréir leis an riosca a d'fhéadfadh a bheith i gceist le próiseáil den sórt sin do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha.

(11a) Ba cheart feidhmiú Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a bheith trédhearcach agus ba cheart dó próiseáil infhíoraithe sonraí pearsanta a cheadú. Chun an méid sin a bhaint amach, moltar do na Ballstáit cód foinse chomhpháirteanna bogearraí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a nochtadh, ar comhpháirteanna iad a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta agus sonraí daoine dlítheanacha. Cuireann nochtadh an chóid foinse sin ar chumas na sochaí, úsáideoirí agus forbróirí san áireamh, a oibriú a thuiscint. D'fhéadfadh sé sin iontaoibh na n-úsáideoirí as éiceachóras na dTiachóg a mhéadú agus cur le slándáil na dTiachóg trí ligean d'aon duine leochaileachtaí agus earráidí sa chód a thuairisciú. Meallann sé sin soláthraithe chun táirge fíorshlán a sheachadadh agus a chothabháil. Ina theannta sin, agus i gcás inarb iomchuí, moltar do na Ballstáit an cód foinse a chur ar fáil faoi cheadúnas foinse oscailte. Cuireann ceadúnas foinse oscailte ar chumas na sochaí, úsáideoirí agus forbróirí san áireamh, an cód foinse a mhodhnú agus a athúsáid.

(12) Chun a áirithiú go mbeidh an Creat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach oscailte don nuálaíocht, don fhorbairt theicneolaíoch agus don todhchaí, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun boscaí gainimh a chur ar bun i gcomhpháirt chun réitigh nuálacha a thástáil i dtimpeallacht rialaithe shlán, go háirithe chun feabhas a chur ar fheidhmiúlacht, ar chosaint sonraí pearsanta, ar shlándáil agus ar idir-inoibritheacht na réiteach agus chun nuashonruithe ar thagairtí teicniúla agus ar cheanglais dhlíthiúla a fhorbairt amach anseo. Leis an timpeallacht sin, ba cheart Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide san Eoraip, gnólachtaí nuathionscanta agus nuálaithe aonair agus taighdeoirí a chothú.

PUBLIC

(13) Le Rialachán (AE) 2019/1157[9], faoi mhí Lúnasa 2021, neartaítear slándáil cártaí aitheantais a bhfuil gnéithe slándála feabhsaithe acu. Ba cheart do na Ballstáit a mheas an bhféadfaí fógra a thabhairt dóibh faoi scéimeanna ríomh-shainaitheantais chun síneadh a chur le hinfhaighteacht trasteorann modhanna ríomh-shainaitheantais.

(14) Ba cheart an próiseas fógartha maidir le scéimeanna ríomh-shainaitheantais a shimpliú agus dlús a chur leis chun rochtain ar réitigh fíordheimhniúcháin agus sainaitheantais atá saoráideach, iontaofa, slán agus nuálach a chur chun cinn agus, i gcás inarb ábhartha, a mholadh do sholáthraithe céannachta príobháideacha scéimeanna ríomh-shainaitheantais a thairiscint d'údaráis na mBallstát le haghaidh fógra a thabhairt mar scéimeanna náisiúnta ríomh-shainaitheantais faoi Rialachán 910/2014.

(15) Le cuíchóiriú na nósanna imeachta atá ann faoi láthair maidir le fógra a thabhairt agus le hathbhreithniú piaraí, cuirfear cosc le cuir chuige ilchineálacha maidir le measúnú a dhéanamh ar scéimeanna éagsúla ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith agus lena n-éascófar cothú iontaoibhe idir na Ballstáit. Le sásraí nua simplithe, ba chóir comhar idir na Ballstát a chothú maidir le slándáil agus le hidir-inoibritheacht a scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith.

(16) Ba cheart go dtairbheodh na Ballstáit d'uirlisí nua solúbtha chun comhlíontacht a áirithiú le ceanglais an Rialacháin seo agus leis na Gníomhartha Cur Chun Feidhme ábhartha. Leis an Rialachán seo, ba cheart ligean do na Ballstáit úsáid a bhaint as tuarascálacha agus as measúnuithe, arna ndéanamh ag comhlachtaí creidiúnaithe um measúnú comhréireachta, dá bhforáiltear i scéimeanna deimhniúcháin atá le bunú ar leibhéal an Aontais faoi Rialachán (AE) 2019/881, chun tacú lena n-éilimh maidir leis na scéimeanna nó le codanna díobh a ailíniú le ceanglais an Rialacháin maidir le hidir-inoibritheacht agus le slándáil na scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith.

[9] Rialachán (AE) 2019/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta (IO L 188, 12.7.2019, lch. 67).

(17a) Tá sé ríthábhachtach úsáid a bhaint as aitheantóirí uathúla seasmhacha arna n-eisiúint ag na Ballstáit nó arna nginiúint ag Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, i gcomhpháirt le húsáid sonraí sainaitheantais an duine, chun a áirithiú gur féidir céannacht an úsáideora a fhíorú, go háirithe san earnáil phoiblí agus nuair a shainordaítear amhlaidh ag an dlí náisiúnta nó ag dlí an Aontais. Ba cheart a áirithiú leis an Rialachán seo gur féidir le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí sásra a chur ar fáil chun meaitseáil taifid a chumasú, lena n-áirítear trí ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe a úsáid, agus cead a thabhairt aitheantóirí uathúla seasmhacha a áireamh i dtacar sonraí sainaitheantais an duine. Féadfaidh aitheantóir uathúil seasmhach a bheith comhdhéanta de shonraí aitheantais aonair nó iolracha, ar sonraí iad is féidir a bheith earnáil-shonrach fad a fheileann sé chun an t-úsáideoir a shainaithint go huathúil ar fud an Aontais. Le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, ba cheart sásra a chur ar fáil freisin lena gceadaítear aitheantóirí atá sonrach ó thaobh páirtí is úsáideoir de a úsáid i gcásanna ina gceanglaítear úsáid a bhaint as aitheantóir uathúil leanúnach ag an dlí náisiúnta nó ag dlí an Aontais. I ngach cás, leis an sásra a sholáthraítear chun meaitseáil taifead agus úsáid aitheantóirí uathúla leanúnacha a éascú, ba cheart a áirithiú go gcosnófar an t-úsáideoir ar mhí-úsáid sonraí pearsanta i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le dlí an Aontais is infheidhme, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679, lena n-áirítear i gcoinne an riosca a bhaineann le próifíliú agus rianú a bhaineann le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí.

(17aa) Tá sé ríthábhachtach riachtanais na n-úsáideoirí a chur san áireamh, agus ar an gcaoi sin borradh a chur faoin éileamh ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí. Ba cheart cásanna úsáide fóinteacha agus seirbhísí ar líne a bheith ag brath ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí atá ar fáil. Ar mhaithe le caoithiúlacht na n-úsáideoirí agus chun a áirithiú go mbeidh seirbhísí den sórt sin ar fáil ar bhonn trasteorann, tá sé tábhachtach gníomhaíochtaí a dhéanamh chun cur chuige comhchosúil a éascú maidir le dearadh, forbairt agus cur chun feidhme seirbhísí ar líne i ngach Ballstát. D'fhéadfadh treoirlínte neamhcheangailteacha maidir le conas seirbhísí ar líne atá ag brath ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a dhearadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme a bheith ina n-uirlisí úsáideacha chun an sprioc sin a bhaint amach. Ba cheart na treoirlínte sin a ullmhú agus aird chuí á tabhairt ar chreat idir-inoibritheachta an Aontais. Ba cheart ról ceannasach a bheith ag na Ballstáit maidir lena nglacadh.


PUBLIC

(18) I gcomhréir le Treoir (AE) 2019/882[10], ba cheart daoine faoi mhíchumas a bheith in ann úsáid a bhaint as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, as seirbhísí iontaoibhe agus as táirgí úsáideora deiridh arna n-úsáid chun na seirbhísí sin a sholáthar ar bhonn comhionann le húsáideoirí eile.

(19) Leis an Rialachán seo, níor cheart gnéithe a bhaineann le conarthaí a thabhairt i gcrích nó le bailíocht na gconarthaí sin, ná oibleagáidí dlíthiúla eile leis an Rialachán seo ach oiread a chumdach i gcás ina bhfuil ceanglais foirme a leagtar síos leis an dlí náisiúnta nó le ndlí an Aontais. Ina theannta sin, níor cheart ach oiread difear a dhéanamh do cheanglais náisiúnta foirme a bhaineann le cláir phoiblí, go háirithe cláir thráchtála agus talún.

(20) Tá ag méadú ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí iontaoibhe a sholáthar agus a úsáid sa trádáil agus sa chomhar idirnáisiúnta. Tá creataí iontaoibhe á mbunú ag comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Dá bhrí sin, chun aithint na seirbhísí sin agus a soláthraithe a éascú, le reachtaíocht cur chun feidhme féadfar na coinníollacha a shocrú faoina bhféadfaí a mheas go bhfuil creataí iontaoibhe tríú tíortha coibhéiseach leis an gcreat iontaoibhe le haghaidh seirbhísí agus soláthraithe iontaoibhe cáilithe sa Rialachán seo, coinníollacha a bheidh mar chomhlánú ar an bhféidearthacht go dtabharfar aitheantas frithpháirteach do sheirbhísí agus do sholáthraithe iontaoibhe arna mbunú san Aontas agus i dtríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh. Agus na coinníollacha á leagan amach faoina bhféadfaí a mheas go bhfuil creataí iontaoibhe tríú tíortha coibhéiseach leis an gcreat iontaoibhe le haghaidh seirbhísí agus soláthraithe iontaoibhe cáilithe sa Rialachán seo, ba cheart comhlíonadh na bhforálacha ábhartha i dTreoir XXXX/XXXX, (Treoir NIS2) agus i Rialachán (AE) 2016/679 a áirithiú freisin, chomh maith le liostaí iontaofa a úsáid mar ghnéithe riachtanacha chun iontaoibh a chothú.

---

**10** Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

(21) Leis an Rialachán seo ba cheart forbairt a dhéanamh ar ghníomhartha an Aontais lena n-áirithítear margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach. Go sonrach, cuireann sé le Rialachán (AE) 2022/1925, lena dtugtar isteach rialacha le haghaidh soláthraithe ardán croísheirbhísí a ainmnítear mar mhaoir gheata agus Rialachán, i measc nithe eile, lena gcuirtear cosc ar mhaoir gheata ceangal a chur ar úsáideoirí gnó seirbhís sainaitheanta a úsáid, a thairiscint nó idiroibriú léi i gcomhthéacs seirbhísí arna dtairiscint ag úsáideoirí gnó a úsáideann ardán croísheirbhísí an mhaoir geata sin. Le hAirteagal 6(7) de Rialachán (AE) 2022/1925, ceanglaítear ar mhaoir gheata ligean d'úsáideoirí gnó agus do sholáthraithe seirbhísí coimhdeacha rochtain ar an gcóras oibriúcháin céanna, agus ar na gnéithe crua-earraí nó bogearraí céanna atá ar fáil nó atá in úsáid ag maor geata i soláthar aon seirbhíse coimhdí agus idir-inoibritheacht a bheith acu ina leith. De réir Airteagal 2(15) den Ionstraim um Margaí Digiteacha, is cineál seirbhísí coimhdeacha iad seirbhísí sainaitheanta. Ba cheart, dá bhrí sin, úsáideoirí gnó agus soláthraithe seirbhísí coimhdeacha a bheith in ann rochtain a fháil ar na gnéithe crua-earraí nó bogearraí sin, amhail gnéithe slána i bhfóin chliste, agus ba cheart go mbeidís in ann idiroibriú i gcomhar leo trí bhíthin Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí nó trí bhíthin modhanna ríomh-shainaitheanta na mBallstát ar tugadh fógra ina leith.

(22) Chun na hoibleagáidí cibearshlándála a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe a chuíchóiriú, agus chun é a chur ar a gcumas do na soláthraithe sin agus dá n-údarás inniúil faoi seach tairbhiú den chreat dlíthiúil arna bhunú le Treoir XXXX/XXXX (Treoir NIS2), ceanglaítear ar seirbhísí iontaoibhe bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a dhéanamh de bhun Threoir XXXX/XXXX (Treoir NIS2), amhail bearta lena dtugtar aghaidh ar theipeanna córais, ar earráid dhaonna, ar ghníomhaíochtaí mailíseacha nó ar fheiniméin nádúrtha chun na rioscaí do shlándáil na gcóras gréasán agus faisnéise a bhainistiú, córais a mbaineann na soláthraithe sin úsáid astu agus a gcuid seirbhísí á soláthar acu agus chun fógra a thabhairt i leith teagmhais shuntasacha agus cibearbhagairtí suntasacha i dTreoir XXXX/XXXX (Treoir NIS2). Maidir le teagmhais a thuairisciú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe fógra a thabhairt i leith aon teagmhais a bhfuil tionchar suntasach aige ar sheirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear tionchar an bhí ann de dheasca gadaíochta nó feistí a cailleadh, damáistí a rinneadh ar cháblaí nó teagmhais a tharla i gcomhthéacs daoine a shainaithint. Na ceanglais maidir le ceanglais bainistíochta riosca cibearshlándála agus na hoibleagáidí tuairiscithe faoi Threoir XXXXXX [NIS2], ba cheart iad a mheas mar chomhlánú ar na ceanglais a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe faoin Rialachán seo. I gcás inarb iomchuí, na húdaráis inniúla a ainmníodh faoi Threoir XXXX/XXXX (Treoir NIS2), ba cheart leanúint de na cleachtais nó treoraíocht náisiúnta atá bunaithe i ndáil le ceanglais slándála agus tuairiscithe a chur chun feidhme agus le maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas sin faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Ní dhéanann aon cheanglas de bhun an Rialacháin seo difear don oibleagáid maidir le fógra a thabhairt i leith sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2016/679.

(23) Ba cheart aird chuí a thabhairt ar chomhar éifeachtach a áirithiú idir údaráis NIS (slándáil na gcóras gréasán agus faisnéise) agus údaráis eIDAS. I gcásanna nach ionann an comhlacht maoirseachta faoin Rialachán seo agus na húdaráis inniúla arna n-ainmniú faoi Threoir XXXX/XXXX [NIS2], ba cheart do na húdaráis sin oibriú le chéile i ndlúthchomhar agus go tráthúil, tríd an bhfaisnéis ábhartha a mhalartú chun a áirithiú go ndéanfar maoirseacht éifeachtach ar na soláthraithe seirbhíse iontaoibhe agus go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo agus i dTreoir XXXX/XXXX [NIS2]. Go sonrach, faoi Threoir XXXXX/XXXX [NIS2], ba cheart na comhlachtaí maoirseachta faoin Rialachán seo a bheith i dteideal a iarraidh ar an údarás inniúil an fhaisnéis ábhartha is gá a sholáthar chun an stádas cáilíochta a dheonú agus chun gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh lena fhíorú go gcomhlíonann soláthraithe seirbhíse iontaoibhe na ceanglais ábhartha faoi NIS 2 nó lena cheangal orthu neamhchomhlíontacht a leigheas.

(24) Tá sé ríthábhachtach foráil a dhéanamh maidir le creat dlíthiúil chun go n-éascófar aitheantas trasteorann idir na córais dlí náisiúnta atá ann cheana a bhaineann le ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe. Leis an gcreat sin, d’fhéadfaí teacht ar dheiseanna nua margaidh freisin chun go ndéanfadh soláthraithe seirbhísí iontaoibhe an Aontais ríomhsheirbhísí nua seachadta cláraithe pan-Eorpacha a thairiscint. Chun a áirithiú go ndéanfar na sonraí a bhaineann úsáid as ríomhsheirbhís seachadta chláraithe cháilithe a sheachadadh ar an seolaí ceart, ba cheart go n-áiritheofaí le ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe le cinnteacht iomlán sainaithint an tseolaí agus gur leor ardleibhéal muiníne maidir le sainaithint an tseoltóra. Ba cheart do na Ballstáit soláthraithe ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe cáilithe a spreagadh chun a gcuid seirbhísí a bheith idir-inoibritheach le ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe cáilithe arna soláthar ag soláthraithe cáilithe eile seirbhísí iontaoibhe chun na sonraí cláraithe leictreonacha a aistriú go héasca idir dhá sholáthraí seirbhísí iontaoibhe cháilithe nó níos mó agus chun cleachtais chothroma a chur chun cinn sa mhargadh inmheánach.

(25) Den chuid is mó, faisnéis a bhaineann le céannacht na saoránach, faisnéis amhail seoltaí, aois, cáilíochtaí gairmiúla, ceadúnais tiomána agus ceadanna eile agus sonraí íocaíochta, ní féidir le saoránaigh ná le cónaitheoirí eile iad a roinnt go digiteach ar bhealach atá slán agus le hardleibhéal cosanta sonraí.

(26) Ba cheart go bhféadfaí tréithe digiteacha iontaofa a eisiúint agus a láimhseáil agus rannchuidiú leis an ualach riaracháin a laghdú, rud lena dtabharfaí cumhacht do shaoránaigh agus do chónaitheoirí eile na tréithe sin a úsáid ina n-idirbhearta príobháideacha agus poiblí. Úinéireacht ar cheadúnas tiomána bailí arna eisiúint ag údarás i mBallstát amháin, mar shampla, ba cheart saoránaigh agus cónaitheoirí eile a bheith in ann sin a léiriú, léiriú is féidir leis na húdaráis ábhartha i mBallstáit eile a fhíorú agus ar féidir leo brath air, agus ba cheart iad a bheith in ann brath ar fhaisnéis aitheantais slándála sóisialta na saoránach nó na gcónaitheoir eile nó ar dhoiciméid taistil dhigiteacha amach anseo i gcomhthéacs trasteorann.

PUBLIC

(27) Aon eintiteas lena mbailítear, lena gcruthaítear agus lena n-eisítear tréithe ríomhdhearbhaithe amhail dioplómaí, ceadúnais, teastais bhreithe, ba cheart dó a bheith in ann teacht chun bheith ina soláthraithe ríomhdhearbhú tréithe. Ba cheart do pháirtithe is úsáideoirí úsáid a bhaint as ríomhdhearbhuithe tréithe mar dhearbhuithe atá coibhéiseach le ríomhdhearbhuithe i bhformáid pháipéir. Dá bhrí sin, níor cheart éifeacht dhlíthiúil a shéanadh ar ríomhdhearbhú tréithe ar an bhforas gur i bhfoirm leictreonach atá sé ná ar an bhforas nach gcomhlíonann sé ceanglais an ríomhdhearbhaithe tréithe. Chuige sin, ba cheart ceanglais ghinearálta a leagan síos chun a áirithiú i dtaca leis an éifeacht dhlíthiúil atá ag ríomhdhearbhú tréithe cáilithe go mbeidh sí coibhéiseach le ríomhdhearbhuithe a eisítear go dleathach i bhformáid pháipéir. Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais sin ach gan dochar do dhlí an Aontais ná don dlí náisiúnta lena sainítear ceanglais bhreise a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith a mhéid a bhaineann le foirm le bunéifeachtaí dlíthiúla agus, go háirithe, ríomhdhearbhú tréithe cáilithe a aithint ar bhealach trasteorann, i gcás inarb iomchuí.

(28) Ní mór do sholáthraithe seirbhíse príobháideacha glacadh le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí chun go mbeidh siad ar fáil agus go mbeidh siad inúsáidte go forleathan. Maidir le páirtithe is úsáideoirí príobháideacha a sholáthraíonn seirbhísí i réimsí an iompair, an fhuinnimh, na baincéireachta, na seirbhísí airgeadais, na slándála sóisialta, na sláinte, an uisce óil, na seirbhísí poist, an bhonneagair dhigitigh, an oideachais nó na teileachumarsáide, ba cheart dóibh glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí chun seirbhísí a sholáthar i gcás ina n-éilítear fíordheimhniú láidir leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais nó le hoibleagáid chonarthach. Chun úsáid agus glacadh Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a éascú, ba cheart caighdeáin agus sonraíochtaí tionscail a bhfuil glacadh forleathan leo a chur san áireamh. Maidir le hardáin an-mhóra ar líne mar a shainítear in Airteagal 25.1 de Rialachán [tagairt do Rialachán DSA], i gcás ina gceanglaíonn siad ar úsáideoirí fíordheimhniú a dhéanamh chun seirbhísí ar líne a rochtain, ba cheart sainordú a thabhairt do na hardáin sin glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna hiarraidh sin don úsáideoir. Níor cheart aon oibleagáid a bheith ar úsáideoirí an tiachóg a úsáid chun seirbhísí príobháideacha a rochtain, ach dá mba mhian leis na húsáideoirí a dhéanamh amhlaidh, ba cheart d'ardáin mhóra ar líne glacadh le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí chun na críche sin agus prionsabal an íoslaghdaithe sonraí á urramú ag an am céanna. I bhfianaise a thábhachtaí atá ardáin mhóra ar líne mar gheall ar a fhairsinge atá an rochtain atá acu, go háirithe mar a shloinntear an rochtain sin de réir líon fhaighteoirí na seirbhíse agus na n-idirbheart eacnamaíoch, is gá an méid seo chun cosaint na n-úsáideoirí ar chalaois a mhéadú agus chun ardleibhéal cosanta sonraí a chinntiú. Ba cheart cóid iompair féinrialála a fhorbairt ar leibhéal an Aontais ('cóid iompair') chun cur le hinfhaighteacht agus le hinúsáidteacht fhorleathan maidir le modhanna ríomh-shainaitheantais lena n-áirítear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo. Leis na cóid iompair, ba cheart glacadh forleathan modhanna ríomh-shainaitheantais a éascú, lena n-áirítear glacadh Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ag na soláthraithe seirbhíse sin nach bhfuil incháilithe mar ardáin an-mhóra ar líne agus a bhraitheann ar sheirbhísí ríomh-shainaitheantais tríú páirtí le haghaidh fíordheimhniú úsáideora. Ba cheart iad a fhorbairt laistigh de 12 mhí tar éis an Rialachán seo a ghlacadh. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na bhforálacha sin maidir le hinfhaighteacht agus inúsáidteacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí tar éis 24 mhí óna n-imscaradh.

PUBLIC

(29) Is coincheap é nochtadh roghnaitheach a thugann cumhacht d'úinéir na sonraí gan ach codanna áirithe de thacar sonraí níos mó a nochtadh, ionas nach bhfaighidh an t-eintiteas glactha ach an fhaisnéis is gá, e.g. chun gur féidir le húsáideoir gan ach sonraí a nochtadh do pháirtí is úsáideoir, ar sonraí iad atá riachtanach chun seirbhís arna hiarraidh ag úsáideoir a sholáthar. Ba cheart do Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a ligean gur féidir tréithe a nochtadh ar bhonn teicniúil do pháirtithe is úsáideoirí. Féadfar tréithe den sórt sin a nochtadh go roghnaitheach, lena n-áirítear nuair a thosaigh codanna d'iliomad ríomhdhearbhuithe ar leith, a chomhcheangal ina dhiaidh sin agus a chur i láthair do pháirtithe is úsáideoirí. Ba cheart an ghné sin a bheith ina bunghné den dearadh amach anseo, gné lena gcuirfí dlús le háisiúlacht agus le cosaint sonraí pearsanta, lena n-áirítear íoslaghdú sonraí.

(30) Maidir leis na tréithe a chuireann na soláthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe ar fáil mar chuid den dearbhú tréithe cáilithe, ba cheart don soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe iad a fhíorú go díreach de réir na bhfoinsí barántúla nó ba cheart iad a fhíorú trí idirghabhálaithe ainmnithe atá aitheanta ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais chun críche malartú slán tréithe dearbhaithe a dhéanamh idir céannacht nó dearbhú tréithe soláthraithe seirbhíse agus páirtithe is úsáideoirí. Ba cheart do na Ballstáit sásraí iomchuí a bhunú ar an leibhéal náisiúnta chun a áirithiú go mbeidh soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe a eisíonn ríomhdhearbhú tréithe cáilithe in ann, bunaithe ar thoiliú an duine dá n-eisítear an dearbhú, barántúlacht na dtréithe a bhíonn ag brath ar fhoinsí barántúla a fhíorú. Féadfar a áireamh ar shásraí iomchuí úsáid idirghabhálaithe sonracha nó réitigh theicniúla i gcomhréir leis an dlí náisiúnta lena gceadaítear rochtain ar fhoinsí barántúla. Dá n-áiritheofaí go mbeadh sásra ar fáil a fhágfaidh go bhféadfar tréithe a fhíorú i gcoinne foinsí barántúla, ba cheart go n-éascódh sé sin go gcomhlíonfadh soláthraithe seirbhísí iontaoibhe cáilithe ríomhdhearbhú tréithe a n-oibleagáidí a leagtar síos leis an Rialachán seo. In Iarscríbhinn VI tá liosta catagóirí tréithe ar cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar bearta ina leith chun gur féidir le soláthraithe cáilithe ríomhdhearbhuithe tréithe a bhfíorú go leictreonach, arna iarraidh sin don úsáideoir, i gcoinne na foinse barántúla ábhartha. Ba cheart do na Ballstáit tréithe sonracha a thagann faoi na catagóirí sin a chomhaontú.



PUBLIC

(31) Ba cheart don sainaitheantas leictreonach slán agus don soláthar ríomhdhearbhaithe tréithe solúbthacht agus réitigh bhreise a chur ar fáil d'earnáil na seirbhísí airgeadais lenar féidir custaiméirí a shainaithint agus tréithe sonracha a mhalartú, chun ceanglais maidir le dícheall cuí custaiméara a chomhlíonadh, mar shampla, faoin Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid [tagairt le cur isteach tar éis ghlacadh an togra], nó chun ceanglais oiriúnachta a eascraíonn as reachtaíocht cosanta infheisteoirí a chomhlíonadh, nó chun tacú le comhlíonadh ceanglas maidir le fíordheimhniú láidir custaiméara maidir le sainaithint ar líne le haghaidh logáil isteach i gcuntas agus tús a chur le hidirbhearta i réimse na seirbhísí íocaíochta.

(31a) Chun comhsheasmhacht na gcleachtas deimhniúcháin ar fud an Aontais a áirithiú, ba cheart don Choimisiún treoirlínte a eisiúint maidir le ghléasanna um chruthú ríomhshínithe cáilithe agus gléasanna cruthaithe ríomhshéala cáilithe a dheimhniú agus a athdheimhniú, lena n-áirítear a mbailíocht agus a dteorainneacha ama. Ní chuireann an rialachán seo cosc ar na Ballstáit cead a thabhairt do chomhlachtaí poiblí nó príobháideacha a bhfuil gléasanna deimhnithe um chruthú ríomhshínithe cáilithe acu síneadh sealadach a chur le bailíocht an deimhnithe i gcás nárbh fhéidir athdheimhniú an ghléis chéanna a dhéanamh laistigh den tréimhse ama a shainítear go dlíthiúil ar chúis seachas sárú nó teagmhas slándála, agus gan dochar don chleachtas deimhniúcháin is infheidhme.

(32) Le seirbhísí fíordheimhnithe láithreán gréasáin, cuirtear leibhéal ard dearbhaithe ar fáil d’úsáideoirí go bhfuil eintiteas fíor agus dlisteanach taobh thiar den láithreán gréasáin, beag beann ar an ardán a úsáidtear chun é a thaispeáint. Cuireann na seirbhísí sin le hiontaoibh agus le muinín a chothú i ngnó a dhéanamh ar líne agus le cásanna calaoise ar líne a laghdú. Ba cheart gur ar bhonn deonach a bhaineann suíomhanna gréasáin úsáid as seirbhísí fíordheimhnithe láithreán gréasáin. Chun go mbainfí úsáid as fíordheimhniú láithreán gréasáin chun iontaoibh a mhéadú, agus taithí níos fearr a chur ar fáil don úsáideoir agus cur leis an bhfás sa mhargadh inmheánach, áfach, ba cheart go leagfaí síos leis an Rialachán seo na hoibleagáidí íosta maidir le slándáil agus le dliteanas do sholáthraithe seirbhísí fíordheimhnithe láithreáin gréasáin agus dá seirbhísí. Chuige sin, do bhrabhsálaithe gréasáin, ba cheart tacaíocht agus idir-inoibritheacht le deimhnithe cáilithe a áirithiú le haghaidh fíordheimhnithe láithreán gréasáin de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Ba cheart dóibh deimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin a shainaithint agus cead a thabhairt na sonraí céannachta deimhnithe a thaispeáint don úsáideoir deiridh i dtimpeallacht an bhrabhsálaí bunaithe ar na sonraíochtaí a leagtar amach i gcomhréir leis an Rialachán seo. Le haitheantas a thabhairt do dheimhniú cáilithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin mar dheimhniú cáilithe arna eisiúint ag soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe, ba cheart a áirithiú gur féidir na sonraí céannachta atá ar an deimhniú a fhíordheimhniú agus a fhíorú i gcomhréir leis an Rialachán seo. Níor cheart go ndéanfadh sé sin difear don fhéidearthacht atá ag soláthraithe brabhsálaithe gréasáin aghaidh a thabhairt ar neamhchomhréireachtaí móra a bhaineann le sárú slándála agus le cailliúint sláine deimhnithe aonair, rud a chuirfeadh le slándáil ar líne na n-úsáideoirí deiridh. Chun saoránaigh a chosaint agus a n-úsáid a chur chun cinn a thuilleadh, ba cheart d’údaráis phoiblí sna Ballstáit breithniú a dhéanamh ar dheimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin a chur san áireamh ina láithreáin ghréasáin.

PUBLIC

(33) Thug a lán Ballstát ceanglais náisiúnta isteach le haghaidh seirbhísí lena soláthraítear cartlannú digiteach atá slán agus iontaofa chun sonraí leictreonacha a chaomhnú go fadtéarmach agus chun seirbhísí iontaoibhe gaolmhara a bheith ann. Chun deimhneacht dhlíthiúil, iontaoibh agus comhchuibhiú a áirithiú ar fud na mBallstát, ba cheart creat dlíthiúil a bhunú le haghaidh seirbhísí ríomhchartlannaithe cháilithe, arna spreagadh ag creat na seirbhísí iontaoibhe eile a leagtar amach sa Rialachán seo. Leis an gcreat sin, ba cheart bosca uirlisí éifeachtúil a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe agus d'úsáideoirí, lena n-áirítear ceanglais fheidhmiúla maidir leis an tseirbhís leictreonach chartlannaithe, chomh maith le héifeachtaí dlíthiúla soiléire agus seirbhís chartlannaithe leictreonaigh cháilithe á húsáid. Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin maidir le doiciméid a cruthaíodh go leictreonach chomh maith le doiciméid pháipéir a scanadh agus a digitíodh. Nuair is gá, ba cheart go gceadófaí leis na forálacha sin na sonraí leictreonacha caomhnaithe a phortáil ar mheáin éagsúla nó ar fhormáidí éagsúla chun críche a marthanacht agus a n-inléiteacht a shíneadh thar an tréimhse bhailíochta teicneolaíochta, agus caillteanas agus athrú a íoslaghdú a mhéid is féidir. I gcás ina bhfuil ríomhshíniú cáilithe amháin nó níos mó nó ríomhshéala cáilithe amháin nó níos mó sna sonraí leictreonacha a chuirtear isteach chuig an tseirbhís cartlannaithe dhigitigh, ba cheart don tseirbhís nósanna imeachta agus teicneolaíochtaí a úsáid atá in ann a n-iontaofacht a shíneadh ar feadh tréimhse chaomhnaithe sonraí den sórt sin, rud a d'fhéadfadh a bheith ag brath ar úsáid ríomhsheirbhísí iontaoibhe cáilithe eile a bhunaítear leis an Rialachán seo. Chun fianaise chaomhnaithe a chruthú i gcás ina n-úsáidtear ríomhshínithe, ríomhshéalaí nó ríomhstampaí ama, ba cheart ríomhsheirbhísí iontaoibhe cáilithe a úsáid. A mhéid nach gcomhchuibhítear seirbhísí cartlannaithe leictreonacha leis an Rialachán seo, féadfaidh na Ballstáit forálacha náisiúnta a bhaineann leis na seirbhísí sin a choimeád ar bun nó a thabhairt isteach, i gcomhréir le dlí an Aontais, amhail forálacha sonracha lena gceadaítear roinnt maoluithe le haghaidh seirbhísí atá comhtháite in eagraíocht agus a úsáidtear go docht le haghaidh 'cartlanna inmheánacha' na heagraíochta sin. Níor cheart idirdhealú a dhéanamh sa Rialachán seo idir doiciméid a cruthaíodh go leictreonach agus doiciméid fhisiceacha a aistríodh go foirm dhigiteach.

PUBLIC

(33a) De ghnáth, tugtar sainordú do chartlanna náisiúnta agus d'institiúidí cuimhne, ina gcáil mar eagraíochtaí atá tiomanta don oidhreacht dhoiciméadach a chaomhnú ar mhaithe le leas an phobail, a ngníomhaíochtaí a dhéanamh faoin dlí náisiúnta agus ní gá go soláthraíonn siad seirbhísí iontaoibhe de réir bhrí an Rialacháin seo. Ós rud é nach soláthraíonn na hinstitiúidí sin na seirbhísí sin, tá an Rialachán seo gan dochar dá n-oibriú.

(34) Is seicheamh de thaifid sonraí leictreonacha iad mórleabhair leictreonacha a chinntíonn a sláine agus cruinneas a n-orduithe croineolaíoch. Is é cuspóir na mórleabhar leictreonach seicheamh croineolaíoch de thaifid sonraí a bhunú chun cosc a chur ar shócmhainní digiteacha a chóipeáil agus a dhíol le roinnt faighteoirí. Is féidir mórleabhair leictreonacha a úsáid, mar shampla, le haghaidh taifid dhigiteacha ar úinéireacht sa trádáil dhomhanda, ar mhaoiniú an tslabhra soláthair, ar chearta maoine intleachtúla a dhigitiú nó ar thráchtearraí amhail leictreachas. I gcomhar le teicneolaíochtaí eile, is féidir leo rannchuidiú le réitigh le haghaidh seirbhísí poiblí níos éifeachtúla agus níos claochlaitheacha amhail ríomhvótáil, comhar trasteorann na n-údarás custaim, comhar trasteorann institiúidí acadúla, nó úinéireacht réadmhaoine i gclárlanna talún díláraithe a thaifeadadh. Cruthaíonn mórleabhair leictreonacha cháilithe toimhde dhlíthiúil maidir le hordú croineolaíoch seicheamhach agus sláine uathúil agus cruinn na dtaifead sonraí sa mhórleabhar. Leis na tréithe sonracha a bhaineann le mórleabhair leictreonacha, is é sin ord croineolaíoch seicheamhach na dtaifead sonraí, déantar idirdhealú idir mórleabhair leictreonacha agus seirbhísí iontaoibhe eile amhail ríomhstampaí ama agus ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe. Eadhon, ní fhéadfadh stampáil ama doiciméad digiteach, ná a n-aistriú trí bhíthin ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe, cosc leordhóthanach a chur ar an tsócmhainn dhigiteach chéanna a chóipeáil agus a dhíol níos mó ná uair amháin le páirtithe éagsúla gan bearta teicniúla nó eagraíochtúla breise. Braitheann an próiseas chun mórleabhar leictreonach a chruthú agus a nuashonrú ar an gcineál mórleabhar a úsáidtear (láraithe nó dáilte).

(35) Chun cosc a chur le hilroinnt an mhargaidh inmheánaigh, ba cheart creat dlíthiúil uile-Eorpach a bhunú, creat lenar féidir seirbhísí iontaoibhe a aithint ar bhonn trasteorann chun sonraí a thaifeadadh i mórleabhair leictreonacha cháilithe. Ba cheart sainordú a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe le haghaidh mórleabhair leictreonacha chun taifeadadh seicheamhach sonraí sa mhórleabhar a fhionnadh. Tá an Rialachán seo d'ainneoin aon oibleagáidí dlíthiúla a d'fhéadfadh a bheith ar úsáideoirí mórleabhar leictreonach a chomhlíonadh faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta. Mar shampla, cásanna úsáide a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, ba cheart dóibh Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh. Ba cheart cásanna úsáide a bhaineann le criptea-shócmhainní a bheith i gcomhréir leis na rialacha airgeadais uile is infheidhme lena n-áirítear, mar shampla, an Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais[11], an Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta[12], an Treoir um Airgead Leictreonach[13], chomh maith le reachtaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní agus le rialacha maidir le frithsciúradh airgid a d'fhéadfaí a áireamh sa Rialachán maidir le hAistriú Cistí[14], agus d'fhéadfadh sé a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní céannacht úsáideoirí mórleabhar leictreonach a fhíorú chun caighdeáin idirnáisiúnta frithsciúrtha airgid a chomhlíonadh.

[11] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349–496).

[12] Treoir 2015/2366 (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE, IO L 337, 23.12.2015, lgh. 35–127.

[13] Treoir 2009/110/CE an 16 Meán Fómhair 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dul i mbun gnó foras airgid leictreonaigh, gnó den sórt sin a shaothrú nó maoirsiú stuamachta a dhéanamh air, lena leasaítear Treoracha 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7–17.

[14] Féach an proposal of 20.7.2021 to recast ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí, COM/2021/422 final.

(36) Chun ilroinnt agus bacainní a sheachaint, mar gheall ar chaighdeáin éagsúla agus ar shrianta teicniúla éagsúla, agus chun próiseas comhordaithe a áirithiú lena seachnófar baol do chur chun feidhme an chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach a bheidh ann amach anseo, tá gá le próiseas le haghaidh dlúthchomhar struchtúrtha idir an Coimisiún, na Ballstáit agus an earnáil phríobháideach. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit comhoibriú lena chéile laistigh den chreat a leagtar amach i Moladh XXX/XXXX ón gCoimisiún [An bosca uirlisí le haghaidh cur chuige comhordaithe i leith an chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach][15] chun Bosca Uirlisí le haghaidh an chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach a shainaithint. Ba cheart an méid seo a leanas a áirithiú sa Bhosca Uirlisí; ailtireacht theicniúil chuimsitheach agus creat tagartha, sraith comhchaighdeán agus tagairtí teicniúla agus sraith treoirlínte agus cur síos ar dhea-chleachtais lena gcumhdaítear gach gné ar a laghad d’fheidhmiúlachtaí, agus d’idir-inoibritheacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí lena n-áirítear ríomhshíniú, agus den tseirbhís iontaoibhe cháilithe le haghaidh dearbhú tréithe mar a leagtar amach sa Rialachán seo. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit teacht ar chomhaontú freisin maidir le gnéithe coiteanna de shamhail ghnó agus de struchtúr na dtáillí a bhaineann le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, gnéithe lena n-éascófar do chuideachtaí beaga agus meánmhéide glacadh leo i gcomhthéacs trasteorann. Maidir le hinneachar an bhosca uirlisí, ba cheart é a fhorbairt i gcomhthráth le toradh an phlé agus an phróisis maidir le glacadh an Chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach, toradh ar cheart a léiriú ann.

(36a) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le pionóis i leith sáruithe amhail cleachtais dhíreacha nó indíreacha as a dtiocfadh mearbhall idir seirbhísí iontaoibhe neamhcháilithe agus cáilithe nó mí-úsáid a bheith á baint as marc iontaoibhe an Aontais arna déanamh ag soláthraithe seirbhísí iontaoibhe neamhcháilithe. Níor cheart marc iontaoibhe an Aontais a úsáid faoi choinníollacha a fhágann, go díreach nó go hindíreach, go gcreidtear go bhfuil aon seirbhísí iontaoibhe neamhcháilithe a thairgeann an soláthraí sin cáilithe.

---

15 [cuir isteach an tagairt nuair a ghlacfar an rialachán seo]



PUBLIC

(36b) Ba cheart go n-áiritheofaí leis an Rialachán seo leibhéal comhchuibhithe cáilíochta, iontaofachta agus slándála do sheirbhísí iontaoibhe cáilithe, beag beann ar an áit ina ndéantar na hoibríochtaí. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a chuid oibríochtaí a bhaineann le soláthar seirbhíse iontaoibhe cáilithe a sheachfhoinsiú lasmuigh den Aontas, má thugann sé na ráthaíochtaí, lena n-áirithítear gur féidir gníomhaíochtaí maoirseachta agus iniúchtaí a fhorfheidhmiú amhail is dá mba san Aontas a rinneadh na hoibríochtaí sin. Nuair nach féidir comhlíonadh an Rialacháin a áirithiú go hiomlán, ba cheart do na comhlachtaí maoirseachta a bheith in ann bearta comhréireacha a bhfuil bonn cirt leo a ghlacadh, lena n-áirítear stádas cáilithe na seirbhíse iontaoibhe a cuireadh ar fáil a tharraingt siar.

(36c) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir le bailíocht ríomhshínithe ardleibhéil bunaithe ar dheimhnithe cáilithe, tá sé riachtanach comhpháirteanna ríomhshínithe ardleibhéil a shonrú bunaithe ar dheimhnithe cáilithe, ar cheart don pháirtí is úsáideoir a dhéanann bailíochtú an tsínithe sin measúnú a dhéanamh orthu.

(36d) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe algartaim chripteagrafacha a úsáid lena léirítear na cleachtais is fearr agus cur chun feidhme iontaofa na n-algartam sin chun slándáil agus iontaofacht a seirbhísí iontaoibhe a áirithiú.

(36e) Ba cheart oibleagáid a leagan amach sa Rialachán seo ar sholáthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe céannacht duine nádúrtha nó dhlítheanaigh ar eisíodh an deimhniú cáilithe dó a fhíorú ar bhonn modhanna comhchuibhithe éagsúla ar fud an Aontais. Féadfar a áireamh ar mhodh den sórt sin brath ar mhodhanna ríomh-shainaitheantais a chomhlíonann na ceanglais maidir le leibhéal dearbhaithe ‘substainteach’ in éineacht le cian-nósanna imeachta comhchuibhithe breise lena n-áirithítear sainaithint an duine ag a bhfuil ardleibhéal muiníne.


PUBLIC

(36f) Maidir le heisitheoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpa agus eisitheoirí modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith agus iad ag gníomhú i gcáil tráchtála nó ghairmiúil agus úsáid á baint as croísheirbhísí ardáin a thairgeann geatóirí chun críche earraí agus seirbhísí agus seirbhísí a sholáthar d'úsáideoirí deiridh nó le linn earraí agus seirbhísí a sholáthar d'úsáideoirí deiridh, ba cheart iad a mheas mar úsáideoirí gnó i gcomhréir le hAirteagal 2(21) de Rialachán (AE) 2022/1925. Ba cheart dá bhrí sin a cheangal ar na geatóirí idir-inoibritheachta a áirithiú, saor in aisce, agus rochtain chun críche idir-inoibritheachta a áirithiú freisin, ar an gcóras oibriúcháin céanna nó ar na gnéithe crua-earraí nó bog-earraí a bhíonn ar fáil nó a úsáidtear agus a chuid seirbhísí comhlántacha agus tacaíochta féin agus a chrua-earraí féin á soláthair aige. Leis sin, ba cheart d'eisitheoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpa agus eisitheoirí modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith a bheith in ann idirnascadh trí chomhéadain nó trí réitigh chomhchosúla leis na gnéithe faoi seach chomh héifeachtach le seirbhísí nó crua-earraí an gheatóra féin.

(36g) Chun an Rialachán seo a choinneáil i gcomhréir leis na forbairtí reatha agus chun na cleachtais sa mhargadh inmheánach a leanúint, ba cheart na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta más gá. Agus measúnú á dhéanamh ar an ngá atá leis na nuashonruithe sin, ba cheart teicneolaíochtaí, cleachtais, caighdeáin nó sonraíochtaí teicniúla nua a tháinig chun cinn ar an margadh inmheánach a chur san áireamh.

(37) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí de bhun Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16].

(38) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 910/2014 a leasú dá réir,

---

[16] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

PUBLIC

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 910/2014 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Leis an Rialachán seo, féachtar lena áirithiú go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach mar is ceart, agus le leibhéal leordhóthanach slándála a sholáthar i gcás modhanna ríomh-shainaitheantais agus i gcás seirbhísí iontaoibhe. Chun na gcríoch seo, déantar é seo a leanas leis an Rialachán:

(aa) leagtar síos ann na coinníollacha faoina soláthróidh agus faoina n-aithneoidh na Ballstáit modhanna ríomh-shainaitheantais do shainaithint daoine nádúrtha nó dlítheanacha a thagann faoi scéim ríomh-shainaitheantais Ballstáit eile ar tugadh fógra ina leith;

(ab) leagtar síos ann na coinníollacha faoina ndéanfaidh na Ballstáit Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a sholáthar agus a aithint;

(b) leagtar síos ann na rialacha maidir le seirbhísí iontaoibhe, go háirithe i gcás ríomh-idirbheart;

(c) bunaítear creat dlíthiúil le haghaidh ríomhshínithe, ríomhshéalaí, ríomhstampaí ama, ríomhdhoiciméid, ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe, seirbhísí deimhnithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin, ríomhbhailíochtú ar ríomhshínithe, ríomhshéalaí agus a ndeimhnithe, ríomhbhailíochtú deimhnithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin, ríomhchaomhnú ar ríomhshínithe, ríomhshéalaí agus a ndeimhnithe, cartlannú leictreonach, ríomhdhearbhú tréithe, bainistiú gléasanna cruthaithe ríomhshínithe agus ríomhshéala cianda cáilithe, agus mórleabhair leictreonacha;

PUBLIC

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar thug Ballstát fógra ina leith, le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a d’eisigh na Ballstáit agus maidir le soláthraithe seirbhíse iontaoibhe atá bunaithe san Aontas.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Ní dhéanann an Rialachán seo difear don dlí náisiúnta ná do dhlí an Aontais a bhaineann le conarthaí a thabhairt i gcrích ná le bailíocht na gconarthaí sin, ná le hoibleagáidí dlíthiúla eile ná le hoibleagáidí nós imeachta a bhaineann le foirm ná le ceanglais earnáil-sonracha a bhaineann le foirm.’;

(3) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(X) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

‘(1) ciallaíonn ‘ríomh-shainaitheantas’ an próiseas arb é atá ann úsáid a bhaint as sonraí sainaitheantais duine i bhfoirm leictreonach, ar sonraí iad a léiríonn, go leithleach, duine nádúrtha nó dlítheanach nó duine nádúrtha a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach;’;

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2):

‘(2) ciallaíonn ‘modh ríomh-shainaitheantais’ aonad ábhartha agus/nó neamhábhartha, lena n-áirítear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, aonad ina bhfuil sonraí sainaitheantais duine, a mbaintear úsáid as chun seirbhís ar líne a fhíordheimhniú nó, i gcás inarb iomchuí, seirbhís as líne, a fhíordheimhniú;’;

PUBLIC

(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

‘(3) ciallaíonn ‘sonraí sainaitheantais duine’ tacar sonraí, arna n-eisiúint i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, chun céannacht duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, nó duine nádúrtha a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige ar dhuine dlítheanach, a shuíomh.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (4):

‘(4) ciallaíonn ‘scéim ríomh-shainaitheantais’ córas chun ríomh-shainaitheantas a dhéanamh lena ndéantar modhanna ríomh-shainaitheantais a eisiúint do dhaoine nádúrtha nó dlítheanach nó do dhaoine nádúrtha a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha;’;

(ba) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (5):

(5) ciallaíonn ‘fíordheimhniú’ ríomhphróiseas a fhágann go bhféadfar ríomh-shainaitheantas an duine nádúrtha nó dlítheanaigh a dheimhniú, nó foinse agus sláine ríomhshonraí a dheimhniú;

(bb) cuirtear isteach an pointe (5a) seo a leanas:

(5a) ciallaíonn ‘úsáideoir’ duine nádúrtha nó dlítheanach, nó duine nádúrtha a dhéanann ionadaíocht ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach, a úsáideann seirbhísí iontaoibhe nó modh ríomh-shainaitheantais, arna soláthar i gcomhréir leis an Rialachán seo;

PUBLIC

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (14):

‘(14) ciallaíonn ‘deimhniú le haghaidh ríomhshínithe’ ríomhdhearbhú a dhéanann sonraí bailíochtaithe ríomhshínithe a nascadh le duine nádúrtha agus lena ndearbhaítear ar a laghad ainm nó ainm bréige an duine sin;’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (16):

‘(16) ciallaíonn ‘seirbhís iontaoibhe’ ríomhsheirbhís a thugtar de ghnáth ar luach saothair a bhfuil na nithe seo leanas iontu:

(a) eisiúint deimhnithe le haghaidh ríomhshínithe, ríomhshéalaí, fíordheimhniú láithreán gréasáin nó le haghaidh deimhnithe chun seirbhísí iontaoibhe eile a sholáthar;

(aa) bailíochtú deimhnithe le haghaidh ríomhshínithe, ríomhshéalaí, fíordheimhniú láithreán gréasáin nó le haghaidh deimhnithe chun seirbhísí iontaoibhe eile a sholáthar;

(b) cruthú ríomhshínithe nó ríomhshéalaí;

(c) bailíochtú ríomhshínithe nó ríomhshéalaí;

(d) caomhnú ríomhshínithe, ríomhshéalaí nó na deimhnithe le haghaidh ríomhshínithe nó ríomhshéalaí;

(e) bainistiú a dhéanamh ar ghléasanna cruthaithe ríomhshínithe nó ar ghléasanna ríomhshéalaí cáilithe cianda;

(f) eisiúint ríomhdhearbhuithe tréithe;



PUBLIC

(fa) bailíochtú ríomhdhearbhuithe tréithe;

(g) cruthú ríomhstampaí ama;

(ga) bailíochtú ríomhstampaí ama;

(gb) soláthar ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe;

(gc) bailíochtú sonraí arna dtarchur trí ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe agus fianaise ghaolmhar;

(h) cartlannú leictreonach sonraí leictreonach; nó

(i) sonraí leictreonacha a thaifeadadh i mórleabhar leictreonach;

(da) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (18):

(18) ciallaíonn 'comhlacht measúnaithe comhréireachta' comhlacht a shainítear i bpointe 13 d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, a bhfuil creidiúnú aige i gcomhréir leis an Rialachán sin á rá go bhfuil sé inniúil ar mheasúnú comhréireachta a dhéanamh ar sholáthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus ar na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a chuireann sé ar fáil, nó chun deimhniú Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí nó modhanna ríomh-shainaitheantais a dhéanamh;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (21):

'(21) ciallaíonn 'táirge' crua-earraí nó bogearraí, nó comhpháirteanna ábhartha crua-earraí agus/nó bogearraí, atá beartaithe lena n-úsáid chun ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe a sholáthar;';

PUBLIC

(f) cuirtear pointe (23a) agus pointe (23b) seo a leanas isteach:

‘(23a) ciallaíonn ‘gléas cruthaithe ríomhshínithe cáilithe cianda’ gléas cruthaithe ríomhshínithe cáilithe arna mbainistiú ag soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 29a thar ceann sínitheora;

‘(23b) ciallaíonn ‘gléas cruthaithe séala cáilithe cianda’ gléas cruthaithe ríomhshéala cáilithe lena ndéanann soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe arna mbainistiú ag soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 39a thar ceann cruthaitheora séala;

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (29):

‘(29) ciallaíonn ‘deimhniú le haghaidh ríomhshéala’ ríomhdhearbhú a dhéanann sonraí bailíochtaithe ríomhshéala a nascadh le duine dlítheanach agus lena ndearbhaítear ainm an duine sin;’;

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (41):

‘(41) ciallaíonn ‘bailíochtú’ an próiseas lena bhfíoraítear agus lena ndeimhnítear go bhfuil sonraí i bhfoirm leictreonach bailí de réir cheanglais an Rialacháin seo’;

(i) cuirtear pointe (42) go pointe (55b) isteach:

‘(42) Is éard is ‘Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí’ ann modh ríomh-shainaitheantais lenar féidir leis an úsáideoir sonraí céannachta a stóráil agus a aisghabháil, lena n-áirítear sonraí aitheantais an duine, ríomhdhearbhuithe tréithe atá nasctha lena gcéannacht, chun iad a sholáthar do pháirtithe is úsáideoirí arna n-iarraidh sin dóibh, agus iad a úsáid le haghaidh fíordheimhniúcháin, ar líne agus, i gcás inarb iomchuí, as líne, le haghaidh seirbhís i gcomhréir le hAirteagal 6a; agus cumasaítear leis síniú trí bhíthin ríomhshínithe cáilithe agus séalú trí bhíthin ríomhshéalaí cáilithe;’;

(43) is éard is 'tréith' ann saintréith, cáilíocht, ceart nó cead a bhaineann le duine nádúrtha nó le duine dlítheanach nó le rud;

(44) ciallaíonn 'ríomhdhearbhú tréithe' ríomhdhearbhú i bhfoirm leictreonach lenar féidir tréithe a fhíordheimhniú;

(45) ciallaíonn 'ríomhdhearbhú tréithe cáilithe' ríomhdhearbhú tréithe, ríomhdhearbhú a eisíonn soláthraithe seirbhíse iontaoibhe agus lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn V;

(45a) ciallaíonn 'ríomhdhearbhú tréithe arna eisiúint ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann' ríomhdhearbhuithe tréithe arna n-eisiúint ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil, nó ag comhlacht earnála poiblí arna ainmniú ag an mBallstát chun dearbhuithe tréithe den sórt sin a eisiúint thar ceann na gcomhlachtaí earnála poiblí atá freagrach as foinsí barántúla i gcomhréir le hAirteagal 45da agus a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn VII;

(46) is éard is 'foinse bharántúil' ann stór nó córas a choinnítear faoi fhreagracht comhlachta phoiblí nó eintitis phríobháidigh, ina bhfuil agus ina soláthraítear tréithe maidir le duine nádúrtha nó le duine dlítheanach agus a mheastar a bheith ina phríomhfhoinse don bhfaisnéis sin nó a bhfuil aitheantas aige mar fhoinse bharántúil i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear cleachtas riaracháin;

(47) ciallaíonn 'cartlannú leictreonach' seirbhís lena n-áirithítear fáil, stóráil, aisghabháil agus scriosadh sonraí leictreonacha chun a marthanacht agus a n-inléiteacht a ráthú agus chun a sláine, a rúndacht agus a gcruthúnas ar thionscnamh a chaomhnú le linn na tréimhse caomhnaithe;

PUBLIC

(48) ciallaíonn ‘seirbhís chartlannaithe dhigitigh cháilithe’ seirbhís chartlannaithe dhigitigh lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 45ga;

(49) ciallaíonn ‘Marc Iontaoibhe Thiachóg na Céannachta Digití de chuid an Aontais’ léiriú infhíoraithe a thabhairt ar bhealach simplí, so-aitheanta agus soiléir, gur cuireadh Tiachóg na Céannachta Digití ar fáil i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(50) ciallaíonn ‘fíordheimhniú láidir úsáideora’ fíordheimhniú bunaithe ar úsáid a bhaint as dhá fhachtóir fíordheimhniúcháin ar a laghad ó chatagóirí éagsúla eolais (rud is eol don úsáideoir amháin), mar sheilbh (rud nach bhfuil ach ag an úsáideoir amháin) nó mar oidhreacht (de chuid an úsáideora), agus iad neamhspleách sa mhéid nach gcuireann sárú ar cheann amháin díobh as d’iontaofacht na gceann eile, agus go ndeartar iad ar bhealach lena gcosnaítear rúndacht shonraí an fhíordheimhniúcháin;

(53) ciallaíonn ‘mórleabhar leictreonach’ seicheamh de thaifid leictreonacha sonraí, lena n-áirithítear sláine agus cruinneas a n-ordú croineolaíoch’;

(53a) ciallaíonn ‘ríomhstampa ama cáilithe’ ríomhstampa a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 45i;

(54) ciallaíonn ‘sonraí pearsanta’ aon fhaisnéis mar a shainmhínítear i bpointe 1 d’Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679’;

(55) ciallaíonn ‘meaitseáil taifid’ próiseas ina ndéantar sonraí sainaitheantais duine, modh sainaitheantais duine, ríomhdhearbhú tréithe cáilithe nó ríomhdhearbhuithe tréithe arna n-eisiúint ag comhlacht earnála poiblí, nó thar a cheann, atá freagrach as foinse bharántúil, a mheaitseáil le cuntas atá ann cheana a bhaineann leis an duine céanna nó a nascadh leis an gcuntas sin’;

PUBLIC

(55a) ciallaíonn ‘aitheantóir uathúil agus marthanach’ aitheantóir a d’fhéadfadh a bheith comhdhéanta de shonraí aitheantais náisiúnta nó earnála amháin nó níos mó, a chomhlachaítear le húsáideoir aonair laistigh de chóras ar leith agus a mhaireann in am;

(55b) ciallaíonn ‘taifead sonraí’ sonraí leictreonacha a thaifeadtar le meiteashonraí gaolmhara (nó le tréithe) a thacaíonn le próiseáil na sonraí.

(55c) ciallaíonn ‘úsáid as líne Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí’ idirghníomhaíocht idir úsáideoir agus páirtí is úsáideoir i suíomh fisiciúil, nach gceanglaítear ar an Tiachóg rochtain a fháil ar chórais chianda trí líonraí cumarsáide leictreonaí chun críoch na hidirghníomhaíochta.

‘*Airteagal 5*

Ainmneacha bréige in idirbheart leictreonach

Gan dochar don éifeacht dhlíthiúil a thugtar d’ainmneacha bréige faoin dlí náisiúnta, ní cheadófar ainmneacha bréige a úsáid in idirbhearta leictreonacha.’;

(5) i gCaibidil II déantar an ceannteideal seo a leanas a chur isteach roimh Airteagal 6a:

‘ROINN I

Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí;

PUBLIC

(7) cuirtear isteach na hAirteagail (6a, 6b, 6c agus 6d) seo a leanas:

*'Airteagal 6a*

Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí

1. Chun a áirithiú go mbeidh rochtain shlán, iontaofa agus rianúil ag gach duine nádúrtha agus dlítheanach san Aontas ar sheirbhísí trasteorann poiblí agus príobháideacha, áiritheoidh gach Ballstát go gcuirfear Tiachóg na Céannachta Digití ar fáil laistigh de 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 11 agus in Airteagal 6c(4).

2. Maidir le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí:

(a) cuirfidh Ballstát ar fáil iad;

(b) faoi shainordú ó Bhallstát; nó

(c) cuirfear ar fáil iad go neamhspleách ar Bhallstát ach arna n-aithint ag Ballstát.

3. Is éard atá i dTiachóga na Céannachta Digití Eorpaí modh ríomh-shainaitheantais lena ndéanfar an t-úsáideoir a chumasú ar bhealach a bheidh trédhearcach don úsáideoir agus inrianaithe aige na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) ríomhdhearbhú tréithe agus sonraí aitheantais duine a iarraidh, a roghnú, a chomhcheangal, a stóráil, a scriosadh agus a thíolacadh go slán do pháirtithe is úsáideoirí, lena n-áirítear chun fíordheimhniú a dhéanamh ar líne agus, i gcás inarb iomchuí, as líne chun seirbhísí poiblí agus príobháideacha a úsáid, agus a áirithiú ag an am céanna gur féidir sonraí a nochtadh go roghnaíoch;

(b) síniú trí bhíthin ríomhshínithe cáilithe agus séalú trí bhíthin ríomhshéala cáilithe.

PUBLIC

4. Le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, go háirithe:

(a) cuirfear sraith choiteann chomhéadan ar fáil:

(1) chun sonraí sainaitheantais duine, ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe agus neamhcháilithe nó deimhnithe cáilithe agus neamhcháilithe a eisiúint do Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí;

(2) do pháirtithe is úsáideoirí chun sonraí sainaitheantais duine agus ríomhdhearbhuithe tréithe a iarraidh;

(3) chun sonraí aitheantais duine nó ríomhdhearbhú tréithe a thíolacadh do pháirtithe is úsáideoirí ar líne agus, i gcás inarb iomchuí, as líne freisin;

(4) ionas gur féidir leis an úsáideoir idirghníomhaíocht le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a cheadú agus chun 'Marc Iontaoibhe Thiachóg na Céannachta Digití de chuid an Aontais' a thaispeáint;

(b) ní sholáthrófar aon fhaisnéis do sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe maidir le ríomhdhearbhuithe tréithe faoi úsáid na dtréithe sin tar éis a n-eisiúna;

(ba) A áirithiú gur féidir céannacht na bpáirtithe is úsáideoirí a bhailíochtú trí shásraí fíordheimhnithe a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 6b;

(c) comhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 maidir le leibhéal dearbhaithe 'ard' is infheidhme *mutatis mutandis* maidir le bainistiú agus úsáid sonraí sainaitheantais duine tríd an Tiachóg, lena n-áirítear ríomh-shainaitheantas agus ríomh-fhíordheimhniú;

(e) lena áirithiú go ndéanfar ionadaíocht uathúil agus seasmhach ar an duine nádúrtha nó dlítheanach, nó ar an duine nádúrtha a dhéanann ionadaíocht ar an duine nádúrtha nó dlítheanach, a bhfuil baint aige leis an Tiachóg, leis na sonraí sainaitheantais duine dá dtagraítear in Airteagal 12(4), pointe (d);



PUBLIC

4a Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le nósanna imeachta lena gcuirfear ar chumas an úsáideora caillteanas nó mí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith ann i leith a dtiachóige a thuairisciú agus a iarraidh go ndéanfaí í a chúlghairm.

5. Soláthróidh na Ballstáit sásraí bailíochtaithe le haghaidh Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí:

(a) lena áirithiú gur féidir a mbarántúlacht agus an mbailíocht a fhíorú;

(d) cead a thabhairt don úsáideoir páirtithe is úsáideoirí a fhíordheimhniú i gcomhréir le hAirteagal 6b;

6. Déanfar Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint faoi scéim ríomh-shainaitheantais leibhéal 'ard' dearbhaithe, scéim ar tugadh fógra ina leith.

6a Beidh eisiúint, úsáid le haghaidh fíordheimhnithe agus cúlghairm Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí saor in aisce do dhaoine nádúrtha.

6b Gan dochar d'Airteagal 6db, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, d'fheidhmiúlachtaí breise Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, lena n-áirítear idir-inoibritheacht le modhanna náisiúnta ríomh-shainaitheantais atá ann cheana.

7. Beidh smacht iomlán ag na húsáideoirí ar úsáid Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí agus ar úsáid na sonraí ina dTiachóg Céannachta Digití Eorpaí. Maidir le húsáid na tiachóige, ní bhaileoidh eisitheoir Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí faisnéis nach bhfuil riachtanach chun na seirbhísí tiachóige a sholáthar, ná ní chomhthiomsóidh sé sonraí sainaitheantais duine agus aon sonra pearsanta eile a stóráiltear nó a bhaineann le húsáid Thiachóg na Céannachta Digití Eorpa le sonraí pearsanta ó aon seirbhís eile a thairgeann an t-eisitheoir sin ná ó sheirbhísí tríú páirtí nach bhfuil riachtanach chun na seirbhísí tiachóige a sholáthar, mura rud é go n-iarrann an t-úsáideoir é ar bhealach sainráite. Coinneofar sonraí pearsanta a bhaineann le soláthar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ar leithligh go loighciúil ó shonraí ar bith eile a choinníonn eisitheoir Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí. Má chuireann páirtithe príobháideacha Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ar fáil i gcomhréir le mír 2 (b) agus (c), beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha Airteagal 45f mír 4.



PUBLIC

7a. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, gan moill mhíchuí, faoi fhaisnéis maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an comhlacht atá freagrach as bunú agus cothabháil liosta na bpáirtithe is úsáideoirí faoina dtugtar fógra a bhraitheann ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí i gcomhréir le hAirteagal 6b(2);

(b) na comhlachtaí atá freagrach as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 6a(1);

(c) na comhlachtaí atá freagrach as a áirithiú go bhfuil na sonraí aitheantais duine bainteach leis an Tiachóg i gcomhréir le hAirteagal 6a(4)(e);

Leis an bhfógra, cuirfear faisnéis ar fáil freisin faoin sásra lena gceadaítear bailíochtú a dhéanamh ar na sonraí aitheantais duine dá dtagraítear in Airteagal 12(4) agus ar chéannacht na bpáirtithe is úsáideoirí.

Déanfaidh an Coimisiún, trí chainéal slán, an fhaisnéis dá dtagraítear sa mhír seo a chur ar fáil don phobal i bhfoirm ríomhshínithe nó ríomhshéalaithe a bheidh oiriúnach don phróiseáil uathoibrithe.

8. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 11 maidir le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpach.

9. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 24(2), pointí (b), (e), (g) agus (h) maidir le heisitheoir Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí.

10. Féachfar chuige go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta Threoir 2019/882.



PUBLIC

11. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla agus caighdeáin thagartha le haghaidh na gceanglas dá dtagraítear i míreanna 3, 4, 5 agus 7a trí bhíthin gníomh cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

11a. Bunóidh an Coimisiún sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla chomh maith le caighdeáin tagartha chun ionduchtú chuig Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a éascú d'úsáideoirí agus úsáid á baint as modhanna ríomh-shainaitheantais atá i gcomhréir le leibhéal 'ard' nó modh ríomh-shainaitheantais atá i gcomhréir leis an leibhéal 'substainteach' i gcomhar le nósanna imeachta breise cianda ionduchtaithe a chomhlíonann le chéile ceanglais an leibhéil dearbhaithe 'ard'. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

*Airteagal 6b*

Páirtithe is Úsáideoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí

1. I gcás ina mbeartóidh páirtithe is úsáideoirí a sholáthraíonn seirbhísí príobháideacha nó poiblí brath ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna soláthar i gcomhréir leis an Rialachán seo, tabharfaidh siad fógra ina leith don Bhallstát ina bhfuil na páirtithe is úsáideoirí bunaithe.

1a Beidh an nós imeachta maidir le fógra a thabhairt costéifeachtach agus comhréireach le riosca agus áiritheofar leis go gcuirfidh na páirtithe is úsáideoirí ar a laghad an fhaisnéis is gá ar fáil chun fíordheimhniú a dhéanamh chuig Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí. Ba cheart a áireamh air sin, ar a laghad, an Ballstát ina bhfuil siad bunaithe agus ainm an pháirtí is úsáideoir agus, i gcás inarb infheidhme, a uimhir chlárúcháin mar a shonraítear í sna taifid oifigiúla.



PUBLIC

1b Beidh an ceanglas maidir le fógra a thabhairt gan dochar do cheanglais eile maidir le fógra a thabhairt agus do cheanglais chlárúcháin i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta amhail na ceanglais sin is infheidhme maidir le catagóirí speisialta sonraí pearsanta, a bhféadfadh ceanglais bhreise údarúcháin a bheith ag teastáil ina leith.

1c Féadfaidh na Ballstáit páirtithe is úsáideoirí a dhíolmhú ón gceanglas fógra a thabhairt i gcás nach bhforáiltear i ndlí an Aontais ná sa dlí náisiúnta maidir le ceanglais shonracha maidir le fógra a thabhairt nó maidir le ceanglais clárúcháin chun rochtain a fháil ar fhaisnéis arna soláthar trí Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí. D'fhéadfadh sé nach mbeadh ar na páirtithe is úsáideoirí a dhíolmhaítear fíordheimhniú a dhéanamh chuig Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí.

1d Cuirfidh páirtithe is úsáideoirí ar tugadh fógra dóibh i gcomhréir leis an Airteagal seo an Ballstát ar an eolas gan mhoill faoi aon athrú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ar dtús.

2. Áiritheoidh na páirtithe is úsáideoirí cur chun feidhme na sásraí fíordheimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 6a(4)(ba).

3. Beidh na páirtithe is úsáideoirí freagrach as cur i gcrích an nós imeachta maidir le fíordheimhniú a dhéanamh ar dhaoine agus bailíochtú a dhéanamh ar ríomhdhearbhú tréithe de thionscnamh Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a fhaightear tríd an gcomhéadan comhchoiteann de réir Airteagal 6a(4)(a)(2).

4. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla le haghaidh na gceanglas dá dtagraítear i míreanna 1, 1a agus 1d trí bhíthin gníomh cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear 6a(11). Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

*Airteagal 6c*

Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a dheimhniú

1. Maidir le comhréireacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6a(3), (4), (5), leis an gceanglas maidir le deighilt loighciúil a leagtar síos i mír 6a(7), agus i gcás inarb infheidhme leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6a(11d), déanfaidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta, arna gcreidiúnú i gcomhréir le hAirteagal 60 den Ghníomh um Chibearshlándáil agus i gcomhréir leis na scéimeanna, na sonraíochtaí, na caighdeáin agus na nósanna imeachta dá dtagraítear i gcomhréir le mír 4 pointí (a), (aa) agus (aaa), agus arna n-ainmniú ag na Ballstáit, an chomhréireacht sin a dheimhniú. Ní mhairfidh an deimhniú níos faide ná 5 bliana, ar choinníoll go ndéanfar measúnú rialta leochaileachtaí gach ré bliain. I gcás ina sainaithnítear leochaileachtaí agus nach leigheastar iad laistigh de thrí mhí, déanfar an deimhniú a chur ar ceal.

2. Maidir le comhlíonadh na gceanglas cosanta sonraí faoi Airteagal 6a(7), féadfar an deimhniú faoi mhír 1 a chomhlánú le deimhniú de bhun Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/679.

3. Déanfaidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta dá dtagraítear i mír 1, comhréireacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, nó codanna díobh, leis na ceanglais ábhartha cibearshlándála a leagtar amach in Airteagal 6a(3), (4), (5), (7) agus i gcás inarb infheidhme (11a), a dheimhniú faoi scéimeanna ábhartha um dheimhniú cibearshlándála de bhun Rialachán (AE) 2019/881 mar a thagraítear dóibh i gcomhréir le míreanna 4(a) agus 4(aa).

3a. Ní bheidh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí faoi réir na gceanglas dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 9.



PUBLIC

4. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, an méid seo a leanas a bhunú:

a) liosta de scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála de bhun Rialachán (AE) 2019/881, atá de dhíth chun Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a dheimhniú dá dtagraítear i mír 3;

(aa) sonraíochtaí, nósanna imeachta agus caighdeáin tagartha maidir lena n-úsáid faoi scéimeanna ábhartha um dheimhniú cibearshlándála a liostaítear i gcomhréir le pointe (a);

aaa) liosta sonraíochtaí, nósanna imeachta agus caighdeán tagartha lena mbunaítear ceanglais chomhchoiteanna deimhniúcháin nach gcumhdaítear le scéimeanna ábhartha um dheimhniú cibearshlándála de bhun Rialachán (AE) 2019/881 chun deimhniú a dhéanamh dá dtagraítear i mír 1 darb aidhm a léiriú go gcomhlíonann Tiachóg Céannachta Digití Eorpaí na ceanglais dá dtagraítear i mír 1;

b) sonraíochtaí teicniúla, nós imeachta, eagrúcháin agus oibríochtúla chun comhlachtaí um measúnú comhréireachta dá dtagraítear i mír 1 a ainmniú, agus, maidir leis na ceanglais deimhniúcháin a bhunaítear de bhun phointe (aaa), chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar na scéimeanna deimhniúcháin agus ar na modhanna meastóireachta gaolmhara a úsáideann na comhlachtaí sin agus ar na deimhnithe agus na tuarascálacha deimhniúcháin a eisíonn siad;

5. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún ainmneacha agus seoltaí na gcomhlachtaí poiblí nó príobháideacha dá dtagraítear i mír 1. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil do na Ballstáit.

6. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 4 i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

*Airteagal 6d*

Foilsiú liosta de Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí

1. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas gan aon mhoill mhíchuí maidir le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a cuireadh ar fáil de bhun Airteagal 6a agus a bheidh deimhnithe ag na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6c mír 1. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas freisin gan moill mhíchuí i gcás ina gcealófar an deimhniú.

2. Ar bhonn na faisnéise a fhaightear, déanfaidh an Coimisiún liosta, atá inléite ag meaisín, de Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna ndeimhniú a bhunú, a fhoilsiú agus a nuashonrú.

3. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún na formáidí agus na nósanna imeachta is infheidhme chun críocha mhíreanna 1 agus 2 maidir le cur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear in Airteagal 6a(11). Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

*Airteagal 6da*

Sárú slándála Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí

1. I gcás ina sárófar Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a chuirtear ar fáil de bhun Airteagal 6a nó na sásraí bailíochtaithe dá dtagraítear in Airteagal 6a(5), pointí (a), (d) nó (e) nó i gcás ina gcuirfear a slándáil i scoth bhaol i bpáirt ar bhealach a dhéanfaidh difear d'iontaofacht nó d'iontaofacht Thiachóga Céannachta Digití Eorpaí eile, déanfaidh eisitheoir na dtiachóg lena mbaineann eisiúint agus úsáid Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a chur ar fionraí gan mhoill. Cuirfidh an Ballstát inar soláthraíodh Tiachóga lena mbaineann na Ballstáit agus an Coimisiún ar an eolas gan moill mhíchuí. Cuirfidh eisitheoir na dtiachóg nó an Bhallstáit lena mbaineann na páirtithe is úsáideoirí agus na húsáideoirí ar an eolas dá réir.


PUBLIC

2. I gcás ina réiteofar an sárú nó an scoth bhaol dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh eisitheoir na Tiachóige eisiúint agus úsáid Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a athbhunú. Cuirfidh an Ballstát inar soláthraíodh Tiachóga lena mbaineann na Ballstáit agus an Coimisiún ar an eolas gan moill mhíchuí. Cuirfidh eisitheoir na dtiachóg nó an Bhallstáit lena mbaineann na páirtithe is úsáideoirí agus na húsáideoirí ar an eolas gan moill mhíchuí.

3. Mura leigheastar an sárú nó an scoth bhaol dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 3 mhí ón bhfionraí, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí lena mbaineann a tharraingt siar agus cuirfidh sé é sin in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiún. I gcás ina mbeidh bonn cirt leis an tarraingt siar de bharr a thromchúisí atá an sárú, déanfar Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí lena mbaineann a tharraingt siar gan moill mhíchuí.

4. Foilseoidh an Coimisiún na leasuithe comhfhreagracha a dhéanfar ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 6d in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh gan aon mhoill mhíchuí.

5. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, sonróidh an Coimisiún a thuilleadh na bearta dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 trí bhíthin gníomh cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear 6a(11). Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

PUBLIC

*Airteagal 6db*

Spleáchas trasteorann ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí

1. I gcás ina mbeidh ríomh-shainaitheantas ag teastáil ó na Ballstáit trí mhodh ríomh-shainaitheantais agus trí fhíordheimhniú chun seirbhís ar líne arna soláthar ag comhlacht poiblí, glacfaidh siad freisin le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna gcur ar fáil i gcomhréir leis an Rialachán seo le haghaidh fhíordheimhniú an úsáideora.

2. I gcás ina n-éilítear, leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais, ar pháirtithe is úsáideoirí príobháideacha a sholáthraíonn seirbhísí, cé is moite de mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga mar a shainmhínítear iad i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún, fíordheimhniú láidir úsáideora a úsáid le haghaidh sainaithint ar líne, nó i gcás ina n-éilítear fíordheimhniú láidir úsáideora de bharr oibleagáid chonarthach, lena n-áirítear i réimsí an iompair, an fhuinnimh, na baincéireachta, na seirbhísí airgeadais, na slándála sóisialta, na sláinte, an uisce óil, na seirbhísí poist, an bhonneagair dhigitigh, an oideachais nó na teileachumarsáide, déanfaidh na páirtithe príobháideacha is úsáideoirí, tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis dháta soláthair Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí de bhun Airteagal 6a(1) agus arna iarraidh sin go deonach don úsáideoir go docht, glacfaidh sé freisin le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a sholáthraítear i gcomhréir leis an Rialachán seo i ndáil leis na sonraí íosta is gá le haghaidh na seirbhíse sonraí ar líne a n-iarrtar fíordheimhniú an úsáideora ina leith.

3. Maidir le hardáin an-mhóra ar líne mar a shainítear in Airteagal 25(1) de Rialachán [tagairt do Rialachán DSA], i gcás ina gceanglaíonn siad ar úsáideoirí fíordheimhniú a dhéanamh chun seirbhísí ar líne a rochtain, glacfaidh siad freisin le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpacha arna soláthar i gcomhréir leis an Rialachán seo le haghaidh fhíordheimhniú an úsáideora, ar iarraidh deonach amháin ag an úsáideoir agus i ndáil leis na sonraí íosta is gá le haghaidh na seirbhís sonraí ar líne a bhfuil fíordheimhniú á iarraidh ina leith.



PUBLIC

4. I gcomhar leis na Ballstáit, molfaidh an Coimisiún go bhforbrófar cóid iompair, agus éascóidh sé an fhorbairt sin, chun cur le hinfhaighteacht agus le hinúsáidteacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo. Leis na cóid iompair sin, áiritheofar go mbeidh glacadh le modhanna ríomh-shainaitheantais lena n-áirítear Tiachóga na Céannachta Digití na Eorpa laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo go háirithe ag soláthraithe seirbhíse a bhraitheann ar sheirbhísí ríomh-shainaitheantais tríú páirtí le haghaidh fíordheimhniú úsáideoirí. Déanfaidh an Coimisiún forbairt na gcód iompair sin a éascú i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir agus spreagfaidh sé soláthraithe seirbhíse le forbairt na gcód iompair a chur i gcrích laistigh de 12 mhí ón dáta a nglacfar an Rialachán seo agus iad a chur chun feidhme go héifeachtach laistigh de 18 mí ón dáta a nglacfar an Rialachán.

5. Laistigh de 24 mí tar éis chur in úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar bhonn fianaise lena léirítear éileamh, infhaighteacht agus inúsáidteacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, measúnú an dtabharfar sainordú do sholáthraithe seirbhíse príobháideacha ar líne breise glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ar iarraidh dheonach ón úsáideoir. Ar na critéir mheasúnaithe a áireofar, tá raon an bhoinn úsáideoirí, láithreacht trasteorann soláthraithe seirbhíse, forbairt theicneolaíoch, forbairt ar phatrúin úsáide, agus éileamh an tomhaltóra.

PUBLIC

(8) déantar an ceannteideal seo a leanas a chur isteach roimh Airteagal 7:

'ROINN II

SCÉIMEANNA RÍOMH-SHAINAITHEANTAIS';

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte d'Airteagal 7:

'De bhun Airteagal 9(1), déanfaidh na Ballstáit nach bhfuil sin déanta acu go fóill, laistigh de 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 6a(11) agus in Airteagal 6c(4), fógra a thabhairt maidir le scéim ríomh-shainaitheantais amháin ar a laghad lena n-áirítear modh sainaitheantais amháin ar a laghad ar leibhéal dearbhaithe 'ard'. Beidh scéim ríomh-shainaitheantais cáilithe le fógra a thabhairt ina leith de bhun Airteagal 9(1) ar choinníoll go ndéanfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh::';

(10) in Airteagal 9 cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. Foilseoidh an Coimisiún liosta de na scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith de bhun mhír 1 den Airteagal seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh mar aon leis an mbun fhaisnéis ina dtaobh.

3. Foilseoidh an Coimisiún in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh na leasuithe ar an liosta dá dtagraítear i mír 2 laistigh d'aon mhí amháin tar éis dó an fógra sin a fháil.';

(12) cuirtear an tAirteagal 11a seo a leanas isteach:

*'Airteagal 11a*

Meaitseáil Taifead

1. Nuair a bhainfear úsáid as modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith nó as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí le haghaidh fíordheimhniúcháin, áiritheoidh na Ballstáit, agus iad ag gníomhú mar pháirtithe is úsáideoirí, meaitseáil taifid.



PUBLIC

2. Chun Tiachóga Céannachta Digití Eorpaí a sholáthar, sa tacar íosta sonraí sainaitheantais duine dá dtagraítear in Airteagal 12(4), pointe (d), cuirfidh na Ballstáit aon aitheantóir uathúil marthanach ar a laghad san áireamh i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, chun an t-úsáideoir a shainaithint arna iarraidh sin dóibh sna cásanna sin ina gceanglaítear leis an dlí an t-úsáideoir an shainaithint.

2a. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le bearta teicniúla agus eagraíochtúla chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do shonraí pearsanta a úsáidtear chun taifid a mheaitseáil agus chun próifíliú úsáideoirí a chosc.

2aa. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, go mbeidh úsáideoir Tiachóg Céannachta Digití Eorpaí in ann a iarraidh go gcuirtear aitheantóir uathúil seasmhach eile arna eisiúint ag an mBallstát in ionad aitheantóir uathúil seasmhach a áirítear sa tacar íosta sonraí sainaitheantais duine agus a bhaineann leis an tiachóg i gcomhréir le hAirteagal 6a(4)(e).

3. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, sonróidh an Coimisiún a thuilleadh na bearta dá dtagraítear i míreanna 1 trí gníomh cur chun feidhme. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

3a Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, sonróidh an Coimisiún na bearta dá dtagraítear i mír 2 agus 2aa trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).



PUBLIC

(13) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

Comhar agus idir-inoibritheacht

(a) i mír 3, scriostar pointe (d);

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) tagairt do thacar íosta sonraí sainaitheantais duine is gá chun ionadaíocht a dhéanamh, ar bhealach uathúil agus seasmhach, ar dhuine nádúrtha, ar dhuine dlítheanach nó ar dhuine nádúrtha a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha;’;

(ba) i mír 5, cuirtear pointe (c) isteach:

‘(c) cur chuige comhchosúil i leith seirbhísí ar líne lena nglactar le húsáid Thiachóga Céannachta Digití Eorpaí arna soláthar i gcomhréir leis an Rialachán seo;’;

(c) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) malartú faisnéise, taithí agus dea-chleachtais maidir leis na scéimeanna ríomh-shainaitheantais, go háirithe maidir le ceanglais theicniúla a bhaineann le hidir-inoibritheacht, le meaitseáil taifid agus le leibhéil dearbhaithe;’;

(ca) i mír 6, cuirtear pointe (e) isteach:

‘(e) malartú faisnéise, taithí agus dea-chleachtas agus eisiúint treoirlínte maidir leis an gcaoi ar féidir seirbhísí ar líne a dhearadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun go mbeifear ag brath ar na Tiachóga Digiteacha Eorpacha’



PUBLIC

(14) Cuirtear Airteagail 12a agus 12b seo a leanas isteach:

'*Airteagal 12a*

Deimhniú scéimeanna leictreonacha ríomh-shainaitheantais

1. Déanfar comhréireacht na scéimeanna ríomh-shainaitheantais, a dtabharfar fógra ina leith, leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a dheimhniú chun a léiriú go gcomhlíonann na scéimeanna sin nó codanna díobh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8(2) maidir le leibhéil dearbhaithe scéimeanna ríomh-shainaitheantais faoi scéim ábhartha um dheimhniú cibearshlándála de bhun Rialachán (AE) 2019/881 nó codanna díobh, a mhéid a chumhdaítear leis an deimhniú cibearshlándála nó codanna de na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8(2) maidir le leibhéil dearbhaithe scéimeanna ríomh-shainaitheantais. Ní mhairfidh an deimhniú níos faide ná 5 bliana, ar choinníoll go ndéanfar measúnú rialta leochaileachtaí gach ré bliain. I gcás ina sainaithnítear leochaileachtaí agus nach leigheastar iad laistigh de thrí mhí, déanfar an deimhniú a chur ar ceal.

   Is comhlachtaí creidiúnaithe poiblí nó príobháideacha um measúnú comhréireachta, arna n-ainmniú ag na Ballstáit agus i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, a dhéanfaidh an deimhniú.

2. Ní bheidh feidhm ag athbhreithniú piaraí na scéimeanna ríomh-shainaitheantais dá dtagraítear in Airteagal 12(6), pointe (c) maidir le scéimeanna ríomh-shainaitheantais ná le cuid de na scéimeanna a deimhníodh i gcomhréir le mír 1.

2a. D'ainneoin mhír 2 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit faisnéis bhreise faoi scéimeanna ríomh-shainaitheantais nó faoi chuid díobh arna ndeimhniú i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo a iarraidh ar Bhallstát a thugann fógra.

3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún ainmneacha agus seoltaí an chomhlachta phoiblí nó phríobháidigh dá dtagraítear i mír 1. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil do na Ballstáit.';

PUBLIC

‘Airteagal 12b

Rochtain ar ghnéithe crua-earraí agus bogearraí

Maidir le heisitheoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpa agus eisitheoirí modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith agus iad ag gníomhú i gcáil tráchtála nó ghairmiúil agus a bhaineann úsáid as croísheirbhísí ardáin, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2022/1925 iad, chun críche seirbhísí Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí agus modhanna ríomh-shainaitheantais a sholáthar d’úsáideoirí deiridh, nó le linn sholáthar an mhéid sin d’úsáideoirí deiridh, is úsáideoirí gnó iad i gcomhréir le hAirteagal 2(21) de Rialachán (AE) 2022/1925.

(17) In Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. D’ainneoin mhír 2 den Airteagal seo, beidh soláthraithe seirbhísí iontaoibhe faoi dhliteanas as aon damáiste a dhéanfar d’aonghnó nó go faillíoch d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach de thoradh gan cloí leis na hoibleagáidí faoin Rialachán seo’;

Is ar an duine nádúrtha nó dlítheanach a mhaífidh an damáiste dá dtagraítear sa chéad fhomhír a bheidh an dualgas intinn nó faillí sholáthraí neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe a chruthú.

Toimhdeofar intinn nó faillí sholáthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe mura gcruthóidh soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe gur tharla an damáiste dá dtagraítear sa chéad fhomhír gan intinn ná faillí an tsoláthraí neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe sin.

PUBLIC

(18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

'*Airteagal 14*

Gnéithe idirnáisiúnta

1. Aithneofar maidir le seirbhísí iontaoibhe á gcur ar fáil ag soláthraithe atá bunaithe i dtríú tír nó ag eagraíocht idirnáisiúnta go bhfuil siad comhionann go dlíthiúil le seirbhísí iontaoibhe cáilithe á gcur ar fáil ag soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe san Aontas más rud é go mbeidh na seirbhísí iontaoibhe de thionscnamh an tríú tír nó na heagraíochta idirnáisiúnta aitheanta faoi chinneadh cur chun feidhme nó faoi chomhaontú idirnáisiúnta a cuireadh i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh.

2. Maidir leis na ceanglais is infheidhme maidir le soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe atá bunaithe san Aontas agus na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a chuireann siad ar fáil, áiritheofar leis na cinntí cur chun feidhme agus na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 gurb iad na soláthraithe seirbhísí iontaoibhe i dtríú tír nó in eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus trí na seirbhísí iontaoibhe a chuireann siad ar fáil, a chomhlíonfaidh na ceanglais sin. Déanfaidh tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe, liosta iontaofa de sholáthraithe aitheanta seirbhísí iontaoibhe a bhunú, a chothabháil agus a fhoilsiú.

Áiritheofar leis na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 go mbeidh sé aitheanta, maidir leis na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a chuireann soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe atá bunaithe san Aontas ar fáil, go bhfuil na seirbhísí sin comhionann go dlíthiúil leis na seirbhísí iontaoibhe a chuireann soláthraithe seirbhísí iontaoibhe ar fáil i dtríú tíortha nó in eagraíochtaí idirnáisiúnta lenar cuireadh an comhaontú i gcrích.

3. Déanfar na cinntí cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

PUBLIC

(19) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

'*Airteagal 15*

Rochtain do dhaoine faoi mhíchumas

Féachfar chuige go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar sholáthar seirbhíse Iontaobhais agus ar tháirgí úsáideora deiridh a úsáidtear chun na seirbhísí sin a sholáthar i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta de Threoir 2019/882 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí.';

PUBLIC

(20) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) de mhír 4:

'(c) údaráis náisiúnta inniúla ábhartha na mBallstát lena mbaineann, arna n-ainmniú de bhun Threoir (AE) XXXX/XXXX [NIS2], a chur ar an eolas faoi aon sáruithe suntasacha slándála nó aon teip shuntasach ó thaobh sláine a dtagann siad ar an eolas fúthu i gcomhlíonadh a gcúraimí. I gcás gur le Ballstát eile a bhaineann an sárú suntasach slándála nó an teip shuntasach ó thaobh sláine, cuirfidh an comhlacht maoirseachta an méid sin in iúl do phointe teagmhála aonair an Bhallstáit lena mbaineann, arna ainmniú de bhun Threoir (AE) XXXX/XXXX (NIS2), agus do na comhlachtaí maoirseachta arna n-ainmniú de bhun Airteagal 17 den Rialachán seo sna Ballstáit eile lena mbaineann. Déanfaidh an comhlacht maoirseachta a dtabharfar fógra dó an pobal a chur ar an eolas nó ceangal a chur ar an soláthraí seirbhísí iontaoibhe é sin a dhéanamh i gcás ina measfar gur chun leas an phobail é an sárú slándála nó an teip ó thaobh sláine a nochtadh;';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) comhoibriú leis na comhlachtaí inniúla maoirseachta a bhunaítear faoi Rialachán (AE) 2016/679, go háirithe, trína gcur ar an eolas gan aon mhoill i gcás ina ndealraíonn sé gur sáraíodh rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta agus maidir le sáruithe slándála a ndealraíonn sé gur sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta iad;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Faoin 31 Márta gach bliain, cuirfidh gach comhlacht maoirseachta tuarascáil ar a phríomhghníomhaíochtaí le linn na bliana féilire roimhe sin faoi bhráid an Choimisiúin.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, glacfaidh an Coimisiún treoirlínte maidir leis na cúraimí dá dtagraítear i mír 4 a bheith á bhfeidhmiú ag na comhlachtaí maoirseachta, agus, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2), saineoidh sé na formáidí agus na nósanna imeachta don tuarascáil dá dtagraítear i mír 6.’;

(21) Leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Airteagal 18:

‘Cúnamh frithpháirteach agus comhar’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Comhoibreoidh comhlachtaí maoirseachta d’fhonn dea-chleachtas agus faisnéis maidir le soláthar seirbhísí iontaoibhe a mhalartú.’;



PUBLIC

(c) cuirtear isteach na Airteagail 4 agus 5 seo a leanas:

‘4. Maidir le comhlachtaí maoirseachta agus údaráis inniúla náisiúnta faoi Threoir (AE) XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [NIS2], comhoibreoidh siad lena chéile agus tabharfaidh siad cúnamh dá chéile chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh soláthraithe seirbhíse iontaoibhe na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus i dTreoir (AE) XXXX/XXXX [NIS2]. Iarrfaidh comhlachtaí maoirseachta ar údaráis inniúla náisiúnta faoi Threoir XXXX/XXXX [NIS2] gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh lena fhíorú go gcomhlíonann soláthraithe seirbhíse iontaoibhe na ceanglais faoi Threoir XXXX/XXXX (NIS2), ceangal a chur ar sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe aon mhainneachtain i dtaca leis na ceanglais sin a chomhlíonadh a leigheas, torthaí aon ghníomhaíochtaí maoirseachta atá nasctha le soláthraithe seirbhíse iontaoibhe a chur ar fáil go tráthúil agus na comhlachtaí maoirseachta a chur ar an eolas faoi theagmhais ábhartha ar tugadh fógra fúthu i gcomhréir le Treoir XXXX/XXXX [NIS2].

5. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún na socruithe nós imeachta is gá chun an comhoibriú idir na hÚdaráis Mhaoirseachta dá dtagraítear i mír 1 a éascú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).’;

PUBLIC

(21a) Cuirtear an tAirteagal 19a seo a leanas isteach:

'Ceanglais do sholáthraithe neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe'

1. Déanfaidh soláthraí neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn seirbhísí iontaoibhe neamhcháilithe an méid seo a leanas:

(a) beartais iomchuí a bheith acu agus bearta comhfhreagracha a dhéanamh chun bainistiú a dhéanamh ar rioscaí dlíthiúla, gnó, oibríochtúla agus rioscaí díreacha nó indíreacha eile do sholáthar na seirbhíse iontaoibhe neamhcháilithe. D'ainneoin fhorálacha Airteagal 18 de Threoir AE XXXX/XXX [NIS2], áireofar ar na bearta sin an méid seo a leanas ar a laghad:

(i) bearta a bhaineann le nósanna imeachta clárúcháin agus bordála maidir le seirbhís;

(ii) bearta a bhaineann le seiceálacha nós imeachta nó riaracháin;

(iii) bearta a bhaineann le seirbhísí a bhainistiú agus a chur chun feidhme.

(b) fógra a thabhairt don chomhlacht maoirseachta, do na daoine aonair inaitheanta a ndéantar difear dóibh, don phobal i gcoitinne más chun leas an phobail atá sé agus, i gcás inarb infheidhme, do chomhlachtaí ábhartha inniúla eile maidir le haon sáruithe nó aon chur isteach ar fhorálacha na seirbhíse nó ar chur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear i mír (a), pointí (i), (ii) agus (iii) a mbeidh tionchar suntasach acu ar an tseirbhís iontaoibhe a chuirtear ar fáil nó ar na sonraí pearsanta a choimeádtar inti, gan moill mhíchuí agus i gcás ar bith tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis dó teacht ar an eolas faoi.

2. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, saintréithe teicniúla na mbeart dá dtagraítear i mír 1(a). Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

PUBLIC

(22) Leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1

‘1. Déanfaidh comhlacht measúnaithe comhréireachta iniúchadh ar sholáthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe, ar a laghad gach 24 mhí, ar a gcostas féin. Dearbhóidh an t-iniúchadh go ndéanann na soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a sholáthraíonn siad na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus in Airteagal 18 de Threoir (AE) XXXX/XXXX [NIS2] a chomhlíonadh. Déanfaidh soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe an tuarascáil ar mheasúnú comhréireachta a thagann as sin a thíolacadh do chomhlacht maoirseachta laistigh de thrí lá oibre tar éis dóibh í a fháil.’;

(aa) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

1a. Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go gcuirfidh soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe an comhlacht maoirseachta ar an eolas roimh ré faoi iniúchtaí atá beartaithe agus go gceadóidh siad don chomhlacht maoirseachta a bheith rannpháirteach arna iarraidh sin orthu.

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deiridh:

‘I gcás ina ndealraíonn sé gur sáraíodh rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta, cuirfidh an comhlacht maoirseachta na húdaráis inniúla mhaoirseachta ar an eolas, gan moill mhíchuí, faoi Rialachán (AE) 2016/679.’;



PUBLIC

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

‘3. I gcás nach gcomhlíonann soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe aon cheann de na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, ceanglóidh an comhlacht maoirseachta air leigheas a chur ar fáil laistigh de theorainn ama socraithe, más infheidhme.

I gcás mainneachtain an tsoláthraí sin i dtaca le leigheas a chur ar fáil, i gcás inarb infheidhme laistigh den teorainn arna leagan síos ag an gcomhlacht maoirseachta, féadfaidh an comhlacht maoirseachta, agus aird á tabhairt go háirithe aige ar mhéid, ar fhad agus ar iarmhairtí na mainneachtana sin, stádas cáilithe an tsoláthraí sin nó na seirbhíse dá ndéantar difear a chuireann sé ar fáil a tharraingt siar.

3a. I gcás ina gcuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta an comhlacht maoirseachta ar an eolas faoi Threoir (AE) XXXX/XXXX [NIS2] go mainníonn an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe aon cheann de na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 18 de Threoir (AE) XXXX/XXXX [NIS2] a chomhlíonadh, féadfaidh an comhlacht maoirseachta, ag cur san áireamh go háirithe, méid, fad agus iarmhairtí na mainneachtana sin, stádas cáilithe an tsoláthraí sin nó na seirbhíse dá ndéantar difear a chuireann sé ar fáil a tharraingt siar.

3b. I gcás ina gcuirfidh na húdaráis mhaoirseachta an comhlacht maoirseachta ar an eolas faoi Rialachán (AE) 2016/679 go mainníonn an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe aon cheann de na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh, féadfaidh an comhlacht maoirseachta, ag cur san áireamh go háirithe, méid, fad agus iarmhairtí na mainneachtana sin, stádas cáilithe an tsoláthraí sin nó na seirbhíse lena mbaineann a chuireann sé ar fáil a tharraingt siar.

PUBLIC

3c. Cuirfidh an comhlacht maoirseachta an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe ar an eolas faoi aistarraingt a stádais cháilithe nó faoi aistarraingt stádas cáilithe na seirbhíse lena mbaineann. Cuirfidh an comhlacht maoirseachta an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 22(3) ar an eolas chun na liostaí iontaofa dá dtagraítear in Airteagal 22(1) a thabhairt cothrom le dáta, agus cuirfidh sé an t-údarás náisiúnta inniúil dá dtagraítear i dTreoir XXXX [NIS2] ar an eolas freisin.

4. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán le haghaidh an mhéid seo a leanas:

(a) na comhlachtaí measúnaithe comhréireachta a chreidiúnú agus don tuarascáil measúnaithe creidiúnachta dá dtagraítear i mír 1;

(b) na ceanglais iniúchta do na comhlachtaí measúnaithe comhréireachta chun measúnú comhréireachta a dhéanamh ar na soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i mír 1;

(c) na scéimeanna um measúnú comhréireachta le measúnú comhréireachta a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe ag na comhlachtaí measúnaithe comhréireachta agus leis an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).';



PUBLIC

(23) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

‘1. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag soláthraithe seirbhísí iontaoibhe tosú ag soláthar seirbhís iontaoibhe cháilithe, cuirfidh siad fógra faoina bhfuil beartaithe acu faoi bhráid an chomhlachta maoirseachta mar aon le tuarascáil ar mheasúnú comhréireachta arna heisiúint ag comhlacht um measúnú comhréireachta ina ndearbhaítear gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus in Airteagal 18 de Threoir (AE) XXXX/XXXX [NIS2].’;

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Fíoróidh an comhlacht maoirseachta cibé an bhfuil an soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe agus na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn sé ag comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, agus go háirithe, na ceanglais i gcomhair soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus i gcomhair na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a sholáthraíonn siad.

Chun a fhíorú go gcomhlíonann an soláthraí seirbhíse iontaoibhe na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 18 i dTreoir XXXX [NIS2], iarrfaidh an comhlacht maoirseachta ar na húdaráis inniúla dá dtagraítear i dTreoir XXXX [NIS2] gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh ina leith sin agus faisnéis a sholáthar faoin toradh gan moill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis do na húdaráis inniúla dá dtagraítear i dTreoir XXXX [NIS2] an iarraidh sin a fháil. Mura gcuirfear an fíorú i gcrích laistigh de dhá mhí tar éis an fhógra, cuirfidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear i dTreoir XXXX [NIS2] an comhlacht maoirseachta ar an eolas agus luafaidh siad go sonrach na cúiseanna leis an moill agus an tréimhse ina gcuirfear an fíorú i gcrích.

I gcás ina dtagann an comhlacht maoirseachta ar an gconclúid go gcomhlíonann an soláthraí seirbhísí iontaoibhe agus na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn sé na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, deonóidh an comhlacht maoirseachta an stádas cáilithe don soláthraí seirbhíse iontaoibhe agus do na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn sé, agus cuirfidh sí an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 22(3) ar an eolas faoin méid sin chun go ndéanfar na liostaí iontaoibhe dá dtagraítear in Airteagal 22(1) a thabhairt cothrom le dáta, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an fógra i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

I gcás nach gcuirfear an fíorú i gcrích laistigh de thrí mhí, cuirfidh an comhlacht maoirseachta na cúiseanna leis an moill in iúl don soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe agus luafaidh sé an tréimhse a thógfaidh sé an fíorú a chur i gcrích.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, saineoidh an Coimisiún, formáidí agus nósanna imeachta an fhógra agus an fhíoraithe chun críocha mhír 1 agus mhír 2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).';

PUBLIC

(25) Leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Agus deimhniú cáilithe nó ríomhdhearbhú cáilithe tréithe á eisiúint ag soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe do sheirbhís iontaoibhe, fíoróidh soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe céannacht agus, más infheidhme, aon tréithe shonrach de chuid an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a n-eisítear an deimhniú cáilithe nó an ríomhdhearbhú tréithe cáilithe dó.

Déanfaidh an soláthraí cáilithe seirbhíse iontaoibhe an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fhíorú go díreach nó trí bhrath ar thríú páirtí, ar cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) trí bhíthin Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí nó trí mhodh ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 maidir leis an leibhéal dearbhaithe 'ard';

(b) trí ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe nó trí dheimhniú ríomhshínithe cháilithe nó ríomhshéala cháilithe a eisítear i gcomhréir le pointe (a), (c) nó (d);

(c) trí mhodhanna sainaitheantais eile a úsáid lena n-áiritheofar sainaithint an duine le leibhéal ard muiníne, modhanna a ndearbhóidh comhlacht um measúnú comhréireachta a gcomhréireacht;

(d) trí láithreacht fhisiciúil an duine nádúrtha nó ionadaí údaraithe an duine dhlítheanaigh trí na nósanna imeachta iomchuí agus i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta.';



PUBLIC

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

‘1a. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, leagfaidh an Coimisiún amach, sonraíochtaí, caighdeáin agus nósanna imeachta teicniúla íosta i ndáil le fíorú céannachta agus tréithe i gcomhréir le mír 1, pointe c. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).’;

(c) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(0) leasaítear pointe (a) mar a leanas:

‘(a) cuirfidh sé an comhlacht maoirseachta ar an eolas mí amháin ar a laghad sula gcuirfear chun feidhme aon athrú ar sholáthar a sheirbhísí iontaoibhe cáilithe nó trí mhí ar a laghad i gcás ina bhfuil sé beartaithe deireadh a chur leis na gníomhaíochtaí sin. Féadfaidh an comhlacht maoirseachta faisnéis bhreise nó an toradh ar mheasúnú comhréireachta a iarraidh sula dtabharfar an cead chun na hathruithe atá beartaithe ar na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a chur chun feidhme. Mura gcuirfear an fíorú i gcrích laistigh de 3 mhí, cuirfidh an comhlacht maoirseachta na cúiseanna leis an moill in iúl don soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe agus luafaidh sé an tréimhse a thógfaidh sé an fíorú a chur i gcrích.



PUBLIC

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (d) agus (e):

'(d) roimh dhul isteach i gcaidreamh conarthach, aon duine ar mian leis seirbhís iontaoibhe incháilithe a úsáid, a chur ar an eolas, ar bhealach soiléir, cuimsitheach agus sothuigthe, i spás poiblí ar furasta teacht air agus go leithleach, faoi na téarmaí beachta agus na coinníollacha beachta a bhaineann le húsáid na seirbhíse sin, lena n-áirítear aon teorannú maidir lena húsáid;';

'(e) úsáidfear córais agus táirgí iontaofa a bheidh cosanta ar mhionathruithe agus áiritheofar slándáil theicniúil agus iontaofacht na bpróiseas a láimhseálann siad, lena n-áirítear algartaim chripteagrafacha oiriúnacha, eochairfhaid agus feidhmeanna haise a úsáid sna córais, táirgí agus sna próisis a dtacaítear leo;';

(2) cuirtear isteach na pointí nua (fa) agus (fb) seo a leanas:

'(fa) beartais iomchuí a bheith acu agus bearta comhfhreagracha a dhéanamh chun bainistiú a dhéanamh ar rioscaí dlíthiúla, gnó, oibríochtúla agus rioscaí díreacha nó indíreacha eile do sholáthar na seirbhíse iontaoibhe cáilithe. D'ainneoin fhorálacha Airteagal 18 de Threoir AE XXXX/XXX [NIS2], áireofar ar na bearta sin an méid seo a leanas ar a laghad:

(i) bearta a bhaineann le nósanna imeachta clárúcháin agus bordála maidir le seirbhís;

(ii) bearta a bhaineann le seiceálacha nós imeachta nó riaracháin;

(iii) bearta a bhaineann le seirbhísí a bhainistiú agus a chur chun feidhme.';



PUBLIC

‘(fb) fógra a thabhairt don chomhlacht maoirseachta, do na daoine aonair inaitheanta a ndéantar difear dóibh, do chomhlachtaí ábhartha inniúla eile i gcás inarb infheidhme agus, ar iarraidh ón gcomhlacht maoirseachta, an pobal más chun leas an phobail é, maidir le haon sáruithe nó aon chur isteach ar fhorálacha na seirbhíse nó ar chur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear i mír (fa), pointí (i), (ii) agus (iii) a mbeidh tionchar suntasach acu ar an tseirbhís iontaoibhe a chuirtear ar fáil nó ar na sonraí pearsanta a choimeádtar inti, gan moill mhíchuí agus i gcás ar bith tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis an teagmhais.’;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (g) agus (h):

‘(g) bearta iomchuí a dhéanamh in aghaidh sonraí a bhrionnú, a ghoid nó a mhíleithreasú nó, gan cheart, sonraí a scriosadh, a athrú nó a dhéanamh dorochtana;’;

‘(h) déanfaidh sé taifead ar an bhfaisnéis ábhartha uile a bhaineann le sonraí a eisíonn an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus a fhaigheann sé agus coinneoidh sé ar fáil é cibé fad is gá tar éis dheireadh ghníomhaíochtaí uile an tsoláthraí cháilithe seirbhísí iontaoibhe chun fianaise a sholáthar in imeachtaí dlíthiúla agus chun leanúnachas na seirbhíse a áirithiú. Féadfar an taifeadadh sin a dhéanamh go leictreonach;’;

(4) scriostar pointe (j);

(d) cuirtear an mhír 4a seo a leanas isteach:

‘4a. Beidh feidhm dá réir sin ag mír 3 agus 4 maidir le ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe a chúlghairm.’;



PUBLIC

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla, nósanna imeachta agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán le haghaidh na gceanglas dá dtagraítear i mír 2. Measfar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíontar na sonraíochtaí teicniúla, na nósanna imeachta agus na gcaighdeán sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).’;

(f) cuirtear an mhír 6 seo a leanas isteach:

‘6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear saintréithe teicniúla na mbeart dá dtagraítear i mír 2(fa).’;

(25a) Leasaítear Airteagal 26 mar a leanas:

2. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán maidir le ríomhshínithe ardleibhéil. Toimhdeofar go gcomhlíontar na ceanglais maidir le ríomhshínithe ardleibhéil tráth a gcomhlíonfar, le ríomhshíniú ardleibhéil, na sonraíochtaí agus na caighdeáin sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

(25b) Leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

Scriostar mír 4.

(26) In Airteagal 28, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán maidir le deimhnithe cáilithe ríomhshínithe. Toimhdeofar go bhfuiltear ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Iarscríbhinn I, i gcás ina gcomhlíonfaidh deimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshínithe na sonraíochtaí agus na caighdeáin sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).’;

(27) In Airteagal 29, cuirtear an mhír nua 1a seo a leanas leis:

‘1a. Is soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe a chuireann seirbhís iontaoibhe cháilithe ar fáil le haghaidh bhainistiú gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe cianda, agus é sin amháin, a ghinfidh agus a bhainisteoidh sonraí thar ceann an tsínitheora nó a dhéanfaidh dúbláil ar shonraí maidir le cruthú ríomhshínithe mar sin chun críocha cúltaca.’;

(28) Cuirtear an tAirteagal 29a seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 9a*

Ceanglais maidir le seirbhís cháilithe chun gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe cianda a bhainistiú

PUBLIC

1. Is iad seo a amháin a fhéadfaidh gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe cianda a bhainistiú mar sheirbhís cháilithe:

(a) soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe a ghineann nó a bhainistíonn sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe thar ceann an tsínitheora;

(b) d’ainneoin phointe (1)(d) d’Iarscríbhinn II, féadfaidh soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe dúbláil a dhéanamh ar na sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe chun cúltaca a dhéanamh, agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:

i. ní mór na tacair shonraí macasamhlaithe bheith ar aon leibhéal slándála leis an tacar sonraí bunaidh;

ii. ní rachaidh líon na dtacar sonraí macasamhlaithe thar an líon is lú a bheidh riachtanach chun leanúnachas na seirbhíse a áirithiú.

(c) soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe a chomhlíonann aon cheanglas arna sainaithint sa tuarascáil deimhniúcháin a bhaineann leis an sainghléas cruthaithe sínithe cianda arna eisiúint de bhun Airteagal 30.

2. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán seo chun críocha mhír 1.’;

(29) In Airteagal 30, cuirtear an mhír 3a seo a leanas isteach:

‘3a. Ní mhairfidh bailíocht an deimhnithe dá dtagraítear i mír 1 níos faide ná 5 bliana, ar choinníoll go ndéanfar measúnú rialta leochaileachtaí gach ré bliain. I gcás ina sainaithnítear leochaileachtaí agus nach leigheastar iad, déanfar an deimhniú a chur ar ceal.’;

PUBLIC

(30) In Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, formáidí agus nósanna imeachta is infheidhme chun críche mhír 1. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).’;

(31) Leasaítear Airteagal 32 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos sa chéad fhomhír á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfar na sonraíochtaí agus na caighdeáin dá dtagraítear i mír 3 trí na ríomhshínithe cáilithe a bhailíochtú.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cuirfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán le haghaidh fhíorú na ríomhshínithe cáilithe ar fáil. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).’;

(31a) Cuirtear an tAirteagal 32a seo a leanas isteach:

Na ceanglais maidir le bailíochtú ríomhshínithe ardleibhéil bunaithe ar dheimhniú cáilithe

1. Leis an bpróiseas chun ríomhshíniú cáilithe ardleibhéil a bhailíochtú bunaithe ar dheimhniú cáilithe, deimhneofar bailíocht an ríomhshínithe ardleibhéil bunaithe ar dheimhniú cáilithe ar choinníoll gur fíor na nithe seo a leanas:

(a) tráth an tsínithe, deimhniú ríomhshínithe cháilithe lena gcomhlíontar Iarscríbhinn I a bhí sa deimhniú atá ag tacú leis an síniú;

(b) soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a d'eisigh an deimhniú cáilithe agus bhí sé bailí tráth an tsínithe;

(c) comhfhreagraíonn sonraí bailíochtaithe an tsínithe do na sonraí a soláthraíodh do na páirtithe is úsáideoirí;

(d) soláthraítear don pháirtí is úsáideoir mar is ceart an fhoireann uathúil sonraí arb ionann í agus an sínitheoir sa deimhniú;

(e) i gcás inar úsáideadh ainm bréige tráth an tsínithe, cuirtear sin in iúl go follasach don pháirtí is úsáideoir;

(f) níor cuireadh sláine na sonraí sínithe i mbaol;

(g) tráth an tsínithe, comhlíonadh na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 26. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos sa chéad fhomhír á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfar na sonraíochtaí agus na caighdeáin dá dtagraítear i mír 3 sin trí na ríomhshínithe ardleibhéil bunaithe ar dheimhnithe cáilithe a bhailíochtú.

2. Tabharfaidh an córas a úsáidtear chun an ríomhshíniú ardleibhéil bunaithe ar dheimhniú cáilithe a bhailíochtú toradh an phróisis bhailíochtaithe sin go cruinn don pháirtí is úsáideoir agus ligfidh sé don pháirtí sin aon shaincheist ábhartha slándála a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath.

3. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cuirfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán le haghaidh bhailíochtú na ríomhshínithe ardleibhéil bunaithe ar dheimhnithe cáilithe ar fáil. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).'



PUBLIC

(31b) Leasaítear Airteagal 33 mar a leanas:

'1. Féadfaidh soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe, agus soláthraí den chineál sin amháin, seirbhís bailíochtaithe cháilithe a sholáthar le haghaidh ríomhshínithe cáilithe, ar soláthraí é:';

'2. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán le haghaidh na seirbhíse bailíochtaithe cáilithe dá dtagraítear i mír 1. Toimhdeofar go bhfuil comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfar na sonraíochtaí agus na caighdeáin sin leis an tseirbhís bailíochtaithe le haghaidh ríomhshínithe cáilithe. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).'.

(32) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34:

'*Airteagal 34*

Seirbhís chaomhnaithe cháilithe le haghaidh ríomhshínithe cáilithe

1. Is soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus soláthraí den chineál sin amháin a fhéadfaidh seirbhís chaomhnaithe cháilithe le haghaidh ríomhshínithe cáilithe a sholáthar, ar soláthraí é a úsáidfidh nósanna imeachta agus teicneolaíochtaí a mbeidh sé ar a gcumas iontaofacht an ríomhshínithe cháilithe a shíneadh amach thar an tréimhse bhailíochta theicniúil.

2. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfaidh na socruithe maidir leis an tseirbhís chaomhnaithe cháilithe le haghaidh ríomhshínithe cáilithe na sonraíochtaí agus na caighdeáin dá dtagraítear i mír 3.

3. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán maidir leis an tseirbhís chaomhnaithe cháilithe le haghaidh ríomhshínithe cáilithe. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).';



PUBLIC

(32a) In Airteagal 36, cuirtear isteach an mhír nua 2 seo a leanas:

2. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán maidir le ríomhshéalaí ardleibhéil.

Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais maidir le ríomhshéalaí ardleibhéil á gcomhlíonadh nuair a chomhlíontar na sonraíochtaí agus na caighdeáin sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

(33) Leasaítear Airteagal 37 mar a leanas:

Scriostar mír 4.

(34) Leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Comhlíonfaidh deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfaidh deimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshéala na sonraíochtaí agus na caighdeáin dá dtagraítear i mír 6.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán maidir le deimhnithe cáilithe ríomhshéalaí. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).’;

PUBLIC

(35) cuirtear an tAirteagal 39a seo a leanas isteach:

*'Airteagal 39a*

Ceanglais maidir le seirbhís cháilithe chun gléasanna cruthaithe ríomhshéalaí cáilithe cianda a bhainistiú

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 29a maidir le seirbhís cháilithe chun gléasanna cruthaithe ríomhséala cáilithe cianda a bhainistiú.';

PUBLIC

(35a) cuirtear an tAirteagal 40a seo a leanas isteach:

*'Airteagal 40a*

Na ceanglais maidir le bailíochtú ríomhshéalaí ardleibhéil bunaithe ar dheimhniú cáilithe

(1) Beidh feidhm ag Airteagal 32a *mutatis mutandis* maidir le bailíochtú ríomhshéalaí ardleibhéil bunaithe ar dheimhniú cáilithe.';

(36) Leasaítear Airteagal 42 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 1a nua seo a leanas isteach:

'1a. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfar na sonraíochtaí agus na caighdeáin dá dtagraítear i mír 2 tríd an dáta agus an t-am a nascadh le sonraí agus tríd an bhfoinse chruinn ama.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2

'2. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán chun an dáta agus an t-am a nascadh le sonraí agus le haghaidh foinsí cruinne ama. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).';

(36a) In Airteagal 43, cuirtear isteach an mhír nua 3 seo a leanas:

2a. Maidir le ríomhsheirbhís seachadta chláraithe cháilithe i mBallstát amháin, sainaithneofar é mar ríomhsheirbhís seachadta chláraithe cháilithe in aon Bhallstát eile.';

(37) Leasaítear Airteagal 44 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'1a. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfar na sonraíochtaí agus na caighdeáin dá dtagraítear i mír 2 leis an bpróiseas seolta agus glactha sonraí.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán maidir le próisis seolta agus ghlactha sonraí. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).';

(c) cuirtear isteach mír 3 agus mír 4 mar a leanas:

'3. Féadfaidh soláthraithe ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe cáilithe teacht ar chomhaontú maidir le hidir-inoibritheacht idir na ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe cáilithe a sholáthraíonn siad. Comhlíonfar na ceanglais a leagtar síos i mír 1 le creat idir-inoibritheachta mar sin. Deimhneoidh comhlacht measúnaithe comhréireachta go gcomhlíontar na ceanglais sin.';



PUBLIC

‘4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán a bhunú chun sonraí a aistriú idir dhá sholáthraí seirbhísí iontaoibhe cháilithe nó níos mó. Beidh na sonraíochtaí teicniúla agus ábhar na gcaighdeán costéifeachtach agus comhréireach. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).’;’

PUBLIC

(38) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 45:

‘*Airteagal 45*

Ceanglais maidir le deimhnithe cáilithe ar fhíordheimhniú suíomhanna gréasáin

1. Comhlíonfaidh dearbhuithe cáilithe le haghaidh fíordheimhnithe suíomhanna gréasáin na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IV. Déanfar meastóireacht ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Iarscríbhinn IV i gcomhréir leis na sonraíochtaí agus na caighdeáin dá dtagraítear i mír 4.

2. Tabharfaidh brabhsálaithe gréasáin aitheantas do dheimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú suíomhanna gréasáin dá dtagraítear i mír 1. Chun na gcríoch sin, áiritheoidh brabhsálaithe gréasáin go ndéanfar na sonraí céannachta a sholáthraítear trí úsáid a bhaint as aon cheann de na modhanna a thaispeáint ar bhealach atá soláimhsithe don úsáideoir. Áiritheoidh brabhsálaithe gréasáin tacaíocht agus idir-inoibritheacht le deimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú suíomhanna gréasáin dá dtagraítear i mír 1, cé is moite d’fhiontair a mheastar a bheith ina micrifhiontair agus ina bhfiontair bheaga, i gcomhréir le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún, sna chéad 5 bliana dá bhfeidhm mar sholáthraithe seirbhíse brabhsála gréasáin.

4. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, soláthróidh an Coimisiún na sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán maidir le fíordheimhniú suíomhanna gréasáin dá dtagraítear i mír 1 agus 2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).’;

(39) cuirtear na ranna 9, 10 agus 11 seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 45:

‘ROINN 9

RÍOMHDHEARBHÚ TRÉITHE

*Airteagal 45a*

Éifeachtaí dlíthiúla ríomhdhearbhaithe tréithe

1. Ní shéanfar éifeacht dhlíthiúil agus inghlacthacht mar fhianaise ar ríomhdhearbhú tréithe in imeachtaí dlíthiúla ar na forais sin amháin go bhfuil sé i bhfoirm leictreonach nó nach gcomhlíonann sé na ceanglais maidir le riomhdhearbhuithe tréithe cáilithe.

2. Beidh an éifeacht dhlíthiúil chéanna ag ríomhdhearbhú tréithe cáilithe agus ag dearbhuithe tréithe arna n-eisiúint ag comhlacht earnála poiblí, nó thar a cheann, atá freagrach as foinse bharántúil agus atá ag dearbhuithe arna n-eisiúint go dleathach i bhfoirm páipéir.

3. Maidir le ríomhdhearbhú tréithe cáilithe a eisíodh i mBallstát amháin, sainaithneofar é mar ríomhdhearbhú tréithe cáilithe in aon Bhallstát eile.

4. Déanfar dearbhú tréithe arna eisiúint ag comhlacht earnála poiblí, nó thar a cheann, atá freagrach as foinse bharántúil, a aithint mar dhearbhú tréithe arna eisiúint ag comhlacht earnála poiblí, nó thar a cheann, atá freagrach as foinse bharántúil sna Ballstáit uile.

PUBLIC

*Airteagal 45h*

Ríomhdhearbhú tréithe i seirbhísí poiblí

I gcás ina n-éilítear ríomh-shainaitheantas faoin dlí náisiúnta trí mhodh ríomh-shainaitheantais agus trí fhíordheimhniú, chun seirbhís ar líne a sholáthraíonn comhlacht poiblí a rochtain, ní chuirfear sonraí sainaitheantais duine i ríomhdhearbhú tréithe in ionad ríomh-shainaitheantais trí mhodh ríomh-shainaitheantais agus fíordheimhniú le haghaidh ríomh-shainaitheantais, mura bhfuil siad ceadaithe go sonrach ag an mBallstát. I gcás den sórt sin, glacfar freisin le ríomhdhearbhú cáilithe tréithe ó Bhallstáit eile.

PUBLIC

*Airteagal 45c*

Ceanglais maidir le ríomhdhearbhú tréithe cáilithe

1. Comhlíonfaidh ríomhdhearbhú tréithe na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn V.

1a. Déanfar meastóireacht ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Iarscríbhinn V i gcomhréir leis na sonraíochtaí agus na caighdeáin dá dtagraítear i mír 4.

2. Ní bheidh ríomhdhearbhú tréithe faoi réir aon cheanglas sainordaitheach sa bhreis ar na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn V.

3. Má chúlghairtear ríomhdhearbhú tréithe tar éis a chéadeisiúna, caillfidh sé a bhailíocht ón nóiméad a chúlghairfear é, agus ní dhéanfar a stádas a athshlánú in aon imthosca ar bith.

4. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán maidir le ríomhdhearbhú tréithe cáilithe, maidir le cur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear in Airteagal 6a(11).

*Airteagal 45d*

Fianú tréithe de réir na bhfoinsí barántúla

1. Laistigh de 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 6a(11) agus Airteagal 6c(4), áiritheoidh na Ballstáit, i gcás na dtréithe a liostaítear in Iarscríbhinn VI ar a laghad, go ndéanfar bearta, i gcás ina mbraitheann na tréithe sin ar fhoinsí barántúla laistigh den earnáil phoiblí, chun a chur ar chumas soláthraithe cáilithe ríomhdhearbhuithe tréithe na tréithe sin a fhíorú trí mheán leictreonach arna iarraidh sin don úsáideoir agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais.

2. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus na caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta á gcur san áireamh, leagfaidh an Coimisiún amach na sonraíochtaí, na caighdeáin agus na nósanna imeachta teicniúla íosta a bhaineann le catalóg na dtréithe agus le scéimeanna ríomhdhearbhaithe tréithe agus le nósanna imeachta fíoraithe ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe trí bhíthin gníomh cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear in Airteagal 6a(11).

*Airteagal 45da*

Ceanglais maidir le ríomhdhearbhú tréithe arna n-eisiúint ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann.

1. Comhlíonfaidh ríomhdhearbhú tréithe arna eisiúint ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann na ceanglais seo a leanas:

a) na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn VII;

b) sa deimhniú cáilithe a thacaíonn le ríomhshíniú cáilithe nó ríomhshéala cáilithe an chomhlachta earnála poiblí dá dtagraítear in Airteagal 3(45a) a shainaithnítear mar an t-eisitheoir dá dtagraítear i bpointe (b) d'Iarscríbhinn VII, beidh tacar sonrach tréithe deimhnithe i bhfoirm atá oiriúnach do phróiseáil uathoibrithe:

(i) lena léireofar go bhfuil an comhlacht eisiúna bunaithe i gcomhréir le dlí náisiúnta nó dlí de chuid an Aontais mar an comhlacht atá freagrach as an bhfoinse bharántúil ar ar a bonn a eisítear an ríomhdhearbhú tréithe nó mar an comhlacht arna ainmniú chun gníomhú thar a cheann;

(ii) lena soláthrófar tacar sonraí a léiríonn gan débhrí an fhoinse bharántúil dá dtagraítear i litir (i); agus

(iii) lena sainaithneofar an dlí náisiúnta nó dlí an Aontais dá dtagraítear i litir (i).

2. Áiritheoidh an Ballstát ina bhfuil na comhlachtaí earnála poiblí dá dtagraítear in Airteagal 3(45a) bunaithe go gcomhlíonann na comhlachtaí earnála poiblí a eisíonn ríomhdhearbhuithe tréithe an leibhéal iontaofachta coibhéiseach mar sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 24.

2a. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na comhlachtaí earnála poiblí dá dtagraítear in Airteagal 3(45a). Áireofar san fhógra sin tuarascáil ar mheasúnú comhréireachta arna heisiúint ag comhlacht um measúnú comhréireachta lena ndearbhaítear go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1, 2 agus 6 den Airteagal seo á gcomhlíonadh. Déanfaidh an Coimisiún, trí chainéal slán, liosta na gcomhlachtaí earnála poiblí dá dtagraítear in Airteagal 3 (45a) a chur ar fáil don phobal i bhfoirm ríomhshínithe nó ríomhshéalaithe a bheidh oiriúnach do phróiseáil uathoibrithe.

3. I gcás ina gcúlghairfear ríomhdhearbhú tréithe arna eisiúint ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann tar éis a eisiúna tosaigh, stopfaidh sé de bheith bailí ón tráth a chúlghairfear é. Tar éis cúlghairm a dhéanamh, ní dhéanfar stádas cúlghairthe ríomhdhearbhaithe a chur ar ais.



PUBLIC

4. Measfar ríomhdhearbhú tréithe arna eisiúint ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i mír (1) den Airteagal seo, i gcás ina gcomhlíonfaidh sé na caighdeáin dá dtagraítear i mír (5).

5. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán le haghaidh ríomhdhearbhú tréithe arna eisiúint ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann maidir le cur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear in Airteagal 6a(11).

5a. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún na formáidí, na nósanna imeachta agus na caighdeáin chun críocha mhír 2a maidir le cur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear in Airteagal 6a(11).

6. Soláthróidh comhlachtaí earnála poiblí dá dtagraítear in Airteagal 3(45a) a eisíonn ríomhdhearbhú tréithe comhéadan le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 6a.

*Airteagal 45e*

Ríomhdhearbhú tréithe Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint

Soláthróidh soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe comhéadan le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 6a.

*Airteagal 45f*

Rialacha breise maidir le seirbhísí ríomhdhearbhaithe tréithe a sholáthar

1. Ní dhéanfaidh soláthraithe seirbhísí ríomhdhearbhaithe tréithe cáilithe ná neamhcháilithe sonraí pearsanta a bhaineann le soláthar na seirbhísí sin a chomhcheangal le sonraí pearsanta ó aon seirbhís eile a thairgeann siad nó a gcomhpháirtithe tráchtála.

2. Déanfar sonraí pearsanta a bhaineann le soláthar seirbhísí ríomhdhearbhaithe tréithe a choimeád ar leithligh go loighciúil ó shonraí eile atá á gcoinneáil ag an soláthraí ríomhdhearbhaithe tréithe.

4. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí ríomhdhearbhaithe tréithe cáilithe deighilt fheidhmiúil a chur chun feidhme chun na seirbhísí sin a sholáthar.



PUBLIC

ROINN 10

SEIRBHÍSÍ CARTLANNAITHE DHIGITIGH

*Airteagal 45g*

Éifeacht dhlíthiúil seirbhíse cartlannaithe dhigitigh

1. Maidir le sonraí leictreonacha arna stóráil agus seirbhís cartlannaithe dhigitigh á húsáid, ní shéanfar orthu éifeacht dhlíthiúil ná inghlacthacht mar fhianaise in imeachtaí dlíthiúla ar an bhforas amháin go bhfuil siad i bhfoirm leictreonaigh nó nach ndéantar iad a stóráil le seirbhís cartlannaithe dhigitigh cháilithe.

2. Sonraí leictreonacha arna stóráil trí úsáid a bhaint as seirbhís cartlannaithe dhigitigh cháilithe, beidh toimhde sláine agus tionscnaimh acu le linn na tréimhse caomhnaithe ag an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe.

3. Maidir le seirbhís cartlannaithe dhigitigh cháilithe i mBallstát amháin, sainaithneofar é mar sheirbhís cartlannaithe dhigitigh cháilithe in aon Bhallstát eile.

*Airteagal 45ga*

Ceanglais maidir le seirbhísí cartlannaithe dhigitigh cáilithe

1. Comhlíonfaidh seirbhísí cartlannaithe dhigitigh cáilithe na ceanglais seo a leanas:

    (a) Déanann soláthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe iad a sholáthar

    (b) Úsáideann siad nósanna imeachta agus teicneolaíochtaí a bhfuil ar a gcumas marthanacht agus inléiteacht na sonraí leictreonacha a shíneadh thar an tréimhse bhailíochta teicneolaíochta agus ar a laghad le linn na tréimhse caomhnaithe dlíthiúla nó conarthaí, agus a sláine agus a dtionscnamh á gcaomhnú ag an am céanna;



PUBLIC

(c) Áiritheoidh siad go gcaomhnófar na sonraí leictreonacha ar bhealach ina ndéanfar iad a chosaint ar chaillteanas agus ar athrú, cé is moite d'athruithe a bhaineann lena bhformáid mheánach nó leictreonach;

(d) Ceadóidh siad do pháirtithe is úsáideoirí údaraithe tuarascáil a fháil ar bhealach uathoibrithe lena ndearbhaítear go bhfuil toimhde sláine na sonraí ó thús na tréimhse caomhnaithe ag baint le sonraí leictreonacha arna n-aisghabháil ó chartlann dhigiteach cháilithe. Soláthrófar an tuarascáil sin ar bhealach iontaofa éifeachtúil agus beidh ríomhshíniú cáilithe nó ríomhshéala cáilithe sholáthraí na seirbhíse cartlannaithe dhigitigh cáilithe uirthi;

2. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán maidir le seirbhísí cartlannaithe dhigitigh cáilithe. Toimhdeofar go gcomhlíontar na ceanglais maidir le seirbhísí cartlannaithe dhigitigh cáilithe tráth a gcomhlíonfaidh seirbhís cartlannaithe dhigitigh cháilithe na sonraíochtaí agus na caighdeáin sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

PUBLIC

ROINN 11

RÍOMH-MHÓRLEABHAIR

*Airteagal 45h*

Éifeachtaí dlíthiúla ríomh-mhórleabhar

1. Ní shéanfar ar mhórleabhair éifeacht dhlíthiúil ná a inghlacthacht mar fhianaise in imeachtaí dlíthiúla ar an aon fhoras amháin go bhfuil sé i bhfoirm leictreonach nó ar an bhforas nach gcomhlíonann sé ceanglais maidir le mórleabhair cháilithe.

2. Maidir le taifid sonraí atá i ríomh-mhórleabhar cáilithe, toimhdeofar go bhfuil a n-ordú cróineolaíoch seicheamhach uathúil agus cruinn agus go bhfuil siad slán.

3. Maidir le ríomh-mhórleabhar cáilithe i mBallstát amháin, sainaithneofar é mar ríomh-mhórleabhar cáilithe in aon Bhallstát eile.

*Airteagal 45i*

Ceanglais maidir le ríomh-mhórleabhair cháilithe

1. Comhlíonfaidh ríomh-mhórleabhair cháilithe na ceanglais seo a leanas:

(a) soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe amháin nó níos mó a chruthóidh iad;

(b) suífidh siad tionscnamh na dtaifead sonraí sa mhórleabhar;

(c) áiritheoidh siad ordú croineolaíoch uathúil seicheamhach na dtaifead sonraí sa mhórleabhar;

(d) déanfaidh siad taifead ar shonraí sa chaoi gur féidir aon athrú ar na sonraí ina dhiaidh sin a bhrath láithreach, lena n-áiritheofar a sláine le himeacht an ama.

PUBLIC

2. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonann ríomh-mhórleabhar na sonraíochtaí agus na caighdeáin dá dtagraítear i mír 3.

3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha caighdeán a bhunú chun ríomh-mhórleabhar cáilithe a chruthú agus a oibriú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).';

(40) Cuirtear an tAirteagal 48a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 48a*

Ceanglais tuairiscithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbaileofar staitisticí i ndáil le feidhmiú Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a luaithe a sholáthrófar iad ar a gcríoch.

2. Áireofar sna staitisticí a bhaileofar i gcomhréir le mír 1 an méid seo a leanas:

(a) líon na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha a bhfuil Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí acu;

(b) cineál agus líon na seirbhísí lena nglactar le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí;

(c) tuarascáil achomair lena n-áirítear sonraí faoi theagmhais lena gcuirtear cosc ar úsáid Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí.

3. Na staitisticí dá dtagraítear i mír 2, déanfar iad a chur ar fáil don phobal i bhformáid oscailte, formáid a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ag meaisín.

4. Faoin 31 Márta gach bliain, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na staitisticí arna mbailiú i gcomhréir le mír 2.';

(41) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 49:

'*Airteagal 49*

Athbhreithniú

1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus cuirfear tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle laistigh de 36 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht go háirithe ar raon feidhme Airteagal 6 agus Airteagal 6db agus an iomchuí é go ndéanfaí raon feidhme an Rialacháin seo nó na forálacha sonracha a ghabhann leis a modhnú, agus aird á tabhairt ar an taithí a fuarthas i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo, mar aon le héileamh custaiméirí, a bhfuil ag titim amach ó thaobh na teicneolaíochta, an mhargaidh agus an dlí de. I gcás inar gá, beidh togra le haghaidh leasaithe ar an Rialachán seo ag gabháil leis an tuarascáil sin.

2. Áireofar sa tuarascáil mheastóireachta measúnú ar infhaighteacht agus ar inúsáidteacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo agus déanfar a mheasúnú an dtabharfar sainordú do gach soláthraí seirbhíse príobháideach ar líne a bhraitheann ar sheirbhísí ríomh-shainaitheantais tríú páirtí le haghaidh fíordheimhniú úsáideoirí, sainordú glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí.

3. De bhreis air sin, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gach 4 bliana tar éis an tuarascáil dá dtagraítear sa chéad mhír ar an dul chun cinn chun maidir le cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.



PUBLIC

(42) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 51:

‘*Airteagal 51*

Bearta idirthréimhseacha

1. Gléasanna cruthaithe sínithe slána ar cinneadh a gcomhréireacht i gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Threoir 1999/93/CE, measfar go fóill gur gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe iad faoin Rialachán seo go dtí 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Deimhnithe cáilithe a eisítear do dhaoine nádúrtha faoi Threoir 1999/93/CE, measfar gur deimhnithe cáilithe go fóill iad le haghaidh ríomhshínithe faoin Rialachán seo go dtí 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.’.

2a. Maidir le bainistiú gléasanna cruthaithe ríomhshínithe agus ríomhshéala cianda cáilithe ag soláthraithe seirbhísí iontaoibhe cáilithe seachas soláthraithe seirbhísí iontaoibhe cáilithe a chuireann seirbhísí iontaoibhe cáilithe ar fáil chun gléasanna cruthaithe ríomhshínithe agus ríomhshéala cianda cáilithe a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagail 29a agus 39a, leanfar den bhainistiú sin a mheas gan gá le stádas cáilithe a fháil chun na seirbhísí bainistíochta sin a sholáthar go ceann 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2b. Soláthraithe seirbhísí iontaoibhe cáilithe ar deonaíodh a stádas cáilithe dóibh faoin Rialachán seo roimh [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh], agus úsáid á baint as modhanna le haghaidh fíorú céannachta chun deimhnithe cáilithe a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 24(1), cuirfidh siad tuarascáil um measúnú comhréireachta faoi bhráid an chomhlachta maoirseachta lena gcruthófar go bhfuil Airteagal 24(1) á chomhlíonadh a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 30 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh. Go dtí go dtíolacfar an tuarascáil sin ar mheasúnú comhréireachta agus go dtí go gcuirfidh an comhlacht maoirseachta a mheasúnú i gcrích, féadfaidh an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe leanúint de bheith ag brath ar úsáid na modhanna fíoraithe céannachta a leagtar amach in Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.



PUBLIC

(43) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(44) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II;

(45) Leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(46) Leasaítear Iarscríbhinn IV i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(47) cuirtear Iarscríbhinn V nua isteach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo;

(48) cuirtear Iarscríbhinn VI nua leis an Rialachán seo.

*Airteagal 52*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| Thar ceann Pharlaimint na hEorpa | Thar ceann na Comhairle |
| An tUachtarán | An tUachtarán |

PUBLIC

IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

‘(i) an fhaisnéis, nó an láthair ina bhfuil na seirbhísí maidir le stádas bailíochta deimhnithe is féidir a úsáid chun fiosruithe a dhéanamh faoi stádas bailíochta an deimhnithe cháilithe;’.

PUBLIC

IARSCRÍBHINN II

CEANGLAIS MAIDIR LE GLÉASANNA CRUTHAITHE RÍOMHSHÍNITHE CÁILITHE

PUBLIC

1. Áiritheoidh gléasanna ríomhshínithe cáilithe, trí bhíthin modhanna iomchuí teicniúla agus nós imeachta, an méid seo a leanas:

(a) go ndéantar caomhnú réasúnta ar rúndacht na sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe a úsáidtear i gcruthú ríomhshínithe;

(b) nach n-úsáidtear sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe a úsáidtear i gcruthú ríomhshínithe ach aon uair amháin go praiticiúil;

(c) nach féidir na sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe a úsáidtear i gcruthú ríomhshínithe, le cinnteacht réasúnta, a dhéanamh amach agus go bhfuil an síniú á chosaint go hiontaofa ar bhrionnú le teicneolaíocht atá ar fáil faoi láthair;

(d) gur féidir leis an sínitheoir dlisteanach cosaint a dhéanamh le hiontaoibh ó úsáid pháirtithe eile ar na sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe a úsáidtear i gcruthú ríomhshínithe.

2. Ní athróidh gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe na sonraí a bheidh le síniú ná ní chuirfidh siad cosc leis na sonraí sin a chur i láthair an tsínitheora roimh an síniú.

IARSCRÍBHINN III

In Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

‘(i) an fhaisnéis, nó an láthair ina bhfuil na seirbhísí maidir le stádas bailíochta deimhnithe is féidir a úsáid chun fiosruithe a dhéanamh faoi stádas bailíochta an deimhnithe cháilithe;’.

PUBLIC

IARSCRÍBHINN IV

In Iarscríbhinn IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

‘(j) an fhaisnéis, nó láthair ina bhfuil na seirbhísí stádais bhailíochta deimhnithe is féidir a úsáid chun fiosruithe a dhéanamh faoi stádas bailíochta an deimhnithe cháilithe.’.

PUBLIC

IARSCRÍBHINN V

## CEANGLAIS MAIDIR LE RÍOMHDHEARBHÚ TRÉITHE CÁILITHE

Beidh an méid seo a leanas i ríomhdhearbhú tréithe cáilithe:

(e) léiriú, i bhfoirm atá oiriúnach do phróiseáil uathoibrithe ar a laghad, gur eisíodh an dearbhú mar ríomhdhearbhú tréithe cáilithe;

(f) tacar sonraí a léiríonn gan athbhrí an soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe a eisíonn ríomhdhearbhú tréithe cáilithe lena n-áirítear ar a laghad, an Stát ina mbeidh an soláthraí bunaithe agus:

– i gcás duine dhlítheanaigh: ainm agus, nuair is infheidhme, an chláruimhir mar atá sonraithe sna taifid oifigiúla,

– i gcás duine nádúrtha: ainm an duine;

(g) tacar sonraí lena léirítear gan débhrí an t-eintiteas lena mbaineann na tréithe fianaithe; má úsáidtear ainm bréige, léireofar sin go soiléir;

(h) an tréith dhearbhuithe nó na tréithe dearbhuithe, lena n-áirítear, más infheidhme, an fhaisnéis is gá chun raon feidhme na dtréithe sin a shainaithint;

(i) sonraí maidir le tús agus le deireadh thréimhse bhailíochta an dearbhuithe;



PUBLIC

(j) cód céannachta an dearbhuithe, nach mór dó a bheith uathúil le haghaidh an tsoláthraí seirbhíse iontaoibhe cháilithe agus más infheidhme, an léiriú ar scéim na ndearbhuithe ar cuid de é an dearbhú tréithe;

(k) ríomhshíniú cáilithe nó ríomhshéala cáilithe ón soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe eisiúna;

(l) an láthair ina bhfuil an deimhniú a thacaíonn leis an ríomhshíniú cáilithe nó leis an ríomhshéala cáilithe dá dtagraítear i bpointe (g) ar fáil saor in aisce;

(m) an fhaisnéis, nó an láthair ina bhfuil na seirbhísí maidir le stádas bailíochta deimhnithe is féidir a úsáid chun fiosruithe a dhéanamh faoin dearbhú cáilithe.

PUBLIC

IARSCRÍBHINN VI

ÍOSLIOSTA TRÉITHE

De bhreis ar Airteagal 45d, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar bearta a ligfidh do sholáthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe fíorú a dhéanamh, trí mhodhanna leictreonacha, agus arna iarraidh sin don úsáideoir, ar bharántúlacht na dtréithe seo a leanas i gcoinne de réir na foinse barántúla ábhartha ar an leibhéal náisiúnta nó trí idirghabhálaithe ainmnithe atá aitheanta ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais agus i gcásanna ina mbraitheann na tréithe sin ar fhoinsí barántúla laistigh den earnáil phoiblí:

1. Seoladh;
2. Aois;
3. Inscne;
4. Stádas sibhialta;
5. Comhdhéanamh an teaghlaigh;
6. Náisiúntacht nó saoránacht;
7. Cáilíochtaí oideachais, teidil agus ceadúnais;
8. Cáilíochtaí gairmiúla, teidil agus ceadúnais;
9. Ceadanna poiblí agus ceadúnais;
10. Sonraí airgeadais agus sonraí cuideachta.

PUBLIC

IARSCRÍBHINN VII

## CEANGLAIS MAIDIR LE RÍOMHDHEARBHÚ TRÉITHE ARNA N-EISIÚINT AG COMHLACHT POIBLÍ ATÁ FREAGRACH AS FOINSE BHARÁNTÚIL NÓ THAR A CHEANN

PUBLIC

Maidir le ríomhdhearbhú tréithe arna eisiúint ag comhlacht poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann, beidh na nithe seo a leanas ann:

a) léiriú, i bhfoirm atá oiriúnach do phróiseáil uathoibrithe ar a laghad, gur eisíodh an dearbhú mar ríomhdhearbhú tréithe arna eisiúint ag comhlacht poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann;

b) tacar sonraí a léiríonn gan débhrí an comhlacht poiblí a eisíonn an ríomhdhearbhú tréithe, lena n-áirítear, ar a laghad, an Ballstát ina bhfuil an comhlacht poiblí sin bunaithe agus a ainm agus, i gcás inarb infheidhme, a chláruimhir mar atá luaite sna taifid oifigiúla;

c) tacar sonraí lena léirítear gan débhrí an t-eintiteas lena mbaineann na tréithe fianaithe; má úsáidtear ainm bréige, léireofar sin go soiléir;

d) an tréith dhearbhuithe nó na tréithe dearbhuithe, lena n-áirítear, más infheidhme, an fhaisnéis is gá chun raon feidhme na dtréithe sin a shainaithint;

e) sonraí maidir le tús agus le deireadh thréimhse bhailíochta an dearbhuithe;

f) cód céannachta an dearbhaithe, nach mór dó a bheith uathúil le haghaidh an chomhalta phoiblí eisiúna agus más infheidhme, an léiriú ar scéim na ndearbhuithe ar cuid de é an dearbhú tréithe;

g) ríomhshíniú cáilithe nó ríomhshéala cáilithe ón gcomhlacht eisiúna;

h) an láthair ina bhfuil an deimhniú a thacaíonn leis an ríomhshíniú cáilithe nó leis an ríomhshéala cáilithe dá dtagraítear i bpointe (g) ar fáil saor in aisce;

i) an fhaisnéis, nó an láthair ina bhfuil na seirbhísí is féidir a úsáid chun fiosruithe a dhéanamh faoi stádas bailíochta an dearbhaithe.